

DON CHOIMISINÉIR AINMNITHE**Kaja KALLAS****An tArdionadaí don Bheartas Eachtrach agus Slándála****1. Inniúlacht ghinearálta, tiomantas don Eoraip agus neamhspleáchas pearsanta**

Cad iad na gnéithe de do chuid cáilíochtaí agus de do thaithí phearsanta atá thar a bheith ábhartha chun go bhféadfá dul i gceann poist mar Choimisinéir agus chun go bhféadfá leas ginearálta na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe sa réimse a mbeiféa freagrach as? Conas a rannchuideoidh tú le treoirilínte polaitiúla an Choimisiúin a chur chun feidhme? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú inscne chun feidhme agus conas a chomhtháthóidh tú gné na hinscne i ngach réimse beartais de do shainchúraimí? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú na hóige chun feidhme?

Cad iad na ráthaíochtaí neamhspleáchais atá tú in ann a thabhairt don Pharlaimint, agus cén chaoi a gcinnteofá nach ndéanfadh aon ghníomhaíochtaí a rinne tú roimhe seo, atá ar siúl anois agat nó a bheidh ar siúl amach anseo agat, an bonn a bhaint ón tslí a gcomhlíonfaidh tú do chuid dualgas sa Choimisiún?

Cad iad na gnéithe de do chuid cáilíochtaí agus de do thaithí phearsanta atá thar a bheith ábhartha chun go bhféadfá dul i gceann poist mar Choimisinéir agus chun go bhféadfá leas ginearálta na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe sa réimse a mbeiféa freagrach as?

Tá taithí phearsanta agam ar shaol gan an tAontas Eorpach agus ar shaol ina bhfuil an tAontas Eorpach - ar shaol gan saoirse agus ar shaol ina bhfuil saoirse agam. Tá an méid sin tar éis tionchar domhain a imirt orm féin mar dhuine agus diongbháilteacht bhuanseasmhach a mhúscailt ionam luachanna agus leas ginearálta na hEorpa a chosaint agus a chur chun cinn chomh maith agus atá ar mo chumas.

Nuair a bhain an Eastóin a neamhspleáchas ón bhforghabháil Shóivéadach amach arís in 1991, chonaic mé titim na deachtóireachta agus an próiseas lenar athbhunaíodh an tsaoirse, caidreamh daonlathach idir na saoránaigh agus an stát, an smacht reachta, agus geilleagar saormhargaidh, próiseas a bhí ina athrú ó bhonn ach a raibh dúshlán ag baint leis san am céanna. Ach dá chrua an próiseas sin, bhí sé rithábachtach do gach Eastónach droim láimhe a thabhairt leis na huafáis a tharla san am a chuaigh thart. Sa lá atá inniu ann, tuigim go rímhaith a riachtanaí atá sé meas a bheith againn ar a bhfuil tógtha againn agus ar na luachanna atá san Eoraip, luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach bunaithe. I mo cháil mar Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála / Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, tabharfaidh mé mo chroí agus m'anam ar son luachanna agus leas ginearálta an Aontais Eorpaigh.

Ar bhonn gairmiúil, is mar dhlíodóir ag a bhfuil speisialtóireacht i ndlí iomaíochta na hEorpa a ghnóthaigh mé taithí ar bheartas na hEorpa an chéad lá riamh. Nuair a d'imigh mé ón ngairm sin, ba chomhpháirtí i ngnólacht dlí mé, agus mé tar éis ní hamháin mo thuiscint ar an mbeartas iomaíochta agus mo scileanna mar atur nae a chruthú, ach mo chumas bainistíochta freisin. Is scil é sin a d'fhorbair mé a thuilleadh nuair a bhí mé i mo léachtóir i Scoil Ghnó na hEastóine. An duine atá ionam inniu, tá sé ann a bhuí leis an taithí luath sin ar an gceannaireacht - is duine mé a chreideann go láidir gur buanna barrthábhachtacha d'aon cheannaire iad dáimh, cineáltas agus comhbhá, go háirithe agus mé i mbun taidhleoireachta.

Nuair a toghadh chuig Parlaimint na hEorpa mé in 2014, bhí mé tar éis a bheith i bParlaimint na hEastóine cheana féin agus go hintleachtúil, bhí mé ullamh ar go leor bealaí le haghaidh gairm pholaitiúil san Eoraip. M'athair a bheith ina Choimisinéir Eorpach tráth, is cinnte gur dearfach an rian a d'fhág sé sin orm. Mar sin féin, an tréimhse a chaith mé i m'Fheisire de Pharlaimint na hEorpa, chuidigh sé sin liom freisin eolas a fhorbairt atá ábhartha maidir le post mar Ardionadaí/Leas-Uachtarán, dar liom féin. Mar shampla, agus mé i mo chomhalta den Choiste um

Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE), bhí mé i gceannas ar obair na Parlaiminte ar shé thuarascáil thábhachtacha, ina measc tuarascálacha ar an Margadh Aonair Digiteach agus ar reachtaíocht maidir le sárúithe custaim agus smachtbhannaí custaim. Bhain an dá chomhad le hoibriú i gcomhar le gach páirtí agus thar gach teorainn náisiúnta chun comhdhearcaidh a fhorbairt a bheadh ina léiriú ar thuairimí éagsúla Bhallstáit an Aontais agus a mbeadh cothromaíocht cheart mar thoradh air, agus aird á tabhairt i gcónaí ar leas shaoránaigh na hEorpa. Nuair a toghadh mé i mo Phríomh-Aire, d'fhill mé ar an Eastóin agus braistint athnuaite ionam faoi fhreagracht na hEastóine mar Bhallstát den Aontas Eorpach agus faoin bhfreagracht orm féin áit na hEastóine san Aontas a chosaint.

Stiúir mo rialtas an Eastóin tríd an iliomad géarchéimeanna, paidéim COVID-19 san áireamh, mar aon leis na suaití de bharr praghsanna fuinnimh, a raibh na réigiúin Bhaltacha thíos leo go háirithe. Chomh maith le mo chumas mar bhainisteoir géarchéime éifeachtach a léiriú, údar bróid ar leith dom is ea an dul chun cinn dearfach a rinne mé san am céanna maidir leis na nithe seo a leanas: an pósadh comhghnéis a dhéanamh dleathach in 2023, d'ainneoin cuid mhaith cur ina choinne, nó Aireacht Aeráide nua a chruthú agus an táirgeadh fuinnimh in-athnuaite a leathnú faoi réir ceann de na spriocanna is uaillmhianaí san Aontas maidir le táirgeadh leictreachais don aistriú glas. Bhí rún daingean agam leanúint de ghníomhú go diongbháilte ar son luachanna na hEorpa, cearta bunúsacha agus comhionannas do chách san áireamh. Tá an gealltanais sin liom i mo chroí istigh gach lá.

B'iomadúil na deiseanna a bhí agam freisin faoi mo shainordú mar Phríomh-Aire chun dul i dteagmháil le comhpháirtithe idirnáisiúnta, agus le 3 bliana anuas, táim i gcroílár na taidhleoireachta iltaobhaí ardleibhéil, tá mé rannpháirteach sa chaibidlíocht laistigh de ECAT agus den Aontas, agus tá ionadaíocht á déanamh agam don Eastóin ar an ardán domhanda ag cruinnithe mullaigh agus cruinnithe ardleibhéil. Seasfaidh an taithí sin dom go háirithe agus aghaidh á tabhairt agam ar a bhfuil romhainn amach. Ó thús mo ghairme polaitiúla, is cuma an ag cothú comhdhearcaidh i measc chomhaltaí pharlaimint na hEastóine a bhí mé, nó ag lorg comhthuisceana idir Feisirí de Pharlaimint na hEorpa, nó ag cruthú comhréiteach i measc na mBallstát agus go hidirnáisiúnta, tá tuiscint láidir agam inniu ar an gcaoi le dul i ngleic le caibidlíocht chasta ardleibhéil agus, san am céanna, na tosaíochtaí náisiúnta a chathromú go cáiriseach le clár oibre Eorpach atá níos leithne.

Is den rithábhacht domsa go pearsanta í slándáil na hEorpa, ós rud é gur as tír mé ó dhúchas atá ag cur ina luí ar dhaoine le fada an lá go bhfuil ainsling impiriúil na Rúise fós beo. Ach creidim go láidir go gcaithfidh gach tír a cion féin a dhéanamh, is cuma cé chomh gar atá sí ó thaobh suimh de do chomharsana naimhdeacha. Ar éigin a bhí bliain imithe thart tar éis ionradh na Rúise gur éiligh mé méadú ar chaiteachas cosanta na hEastóine do dtí os cionn 3 % den olltáirgeacht intíre, ach rinne mé deimhin de freisin go raibh an Eastóin, go comhréireach, ar cheann de na deontóirí is mó don Úcráin ar deireadh. Theastaigh uaim go dtabharfadh an Eastóin ceannaireacht le dea-shampla. Sin an fáth freisin ar mhol mé go seasta rannpháirtíocht níos láidre ón Aontas, mar aon le comhsheasamh maidir le cuntasacht as coireanna atá á ndéanamh ag an Rúis ina cogadh foghach in aghaidh na hÚcráine, sócmhainní reoite na Rúise a úsáid mar bhonn leis na hiarrachtaí atógála, agus an tionscnamh 'milliún urchar' chun armlón a chur ar fáil don Úcráin. Is í aontacht na hEorpa an chosaint is láidre atá againn ar fhogha na Rúise, agus ar sheasamh na hEorpa sa domhan. Ní mór don Eoraip ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, is iad sin na scileanna a mbainfidh mé leas astu sa phost, mar aon le tiomantas pearsanta ollmhór do thodhchaí na hEorpa agus do rath na hEorpa mar cheannaire domhanda.

Conas a rannchuideoidh tú le treoirilinte polaitiúla an Choimisiúin a chur chun feidhme? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú inscne chun feidhme agus conas a chomhtháthóidh tú gné na hinscne i ngach réimse beartais de do shainchúraimí? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú na hóige chun feidhme?

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, nuair a bheidh mé i mo Chomhalta den Choláiste agus i mo Leas-Uachtarán an Choimisiúin, beidh sé ina thosaíocht agam rannchuidiú go substaintiúil le cur chun feidhme Threoirilinte Polaitiúla an Choimisiúin. Beidh na Treoirilinte agus mo litir mhisin ina gcompás agam. Beidh mé ar theann mo dhíchill ag iarraidh beartas eachtrach agus slándála níos straitéisí, níos teanntásaí agus níos aontaithe a cheapadh, beartas a bheidh oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shaol an lae inniu agus chun luachanna agus leasanna an Aontais a chur chun cinn. Neartóidh mé slándáil agus cosaint an Aontais, agus san am céanna cuirfidh mé cur chuige níos straitéisí chun cinn i leith ár gcomharsanachta agus ár gcomhpháirtíochtaí. Cothóidh mé beartas eachtrach nua-aimseartha comhleanúnach. De mheon iomlán na coláisteachta, oibreoidh mé le gach Comhalta den Choláiste chun a chinntiú go ndéanfaimid tosaíochtaí an Choimisiúin a bhaint amach i dteannta a chéile.

Creidim go daingean go mbíonn torthaí níos éifeachtaí agus níos inbhuanaithe ann mar thoradh ar bheartais agus ar chláir a fhreagraíonn do chúrsaí inscne, agus ar fhoirne atá cothrom ó thaobh inscne de. Beidh mé ag dréim le gné na hinscne a chomhtháthú inár ngníomhaíocht sheachtrach, ós rud é gur ceist chearta an duine é comhionannas

na mban, ach go luíonn sé le réasún freisin. Is é Plean Gníomhaíochta Inscne III (GAP III) an príomhchreat fós chun a chinntiú go ndéanfar inscne a phríomhshruthú inár mbeartas eachtrach.

Tá coinne ag Eorpaigh óga leis go ngníomhóidh an tAontas chun an tsíocháin a chaomhnú, an tslándáil idirnáisiúnta a threisiú, agus an comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn. Creidim go neartófar daonlathas agus sochaí na hEorpa ach guth agus ról níos láidre a thabhairt do dhaoine óga i bhforbairt bheartais an Aontais. Is é an plean a bheadh agam Idirphlé leis an Aos Óg a réachtáil go rialta chun éisteacht le riachtanais agus ábhair inmí daoine óga, agus an chéad idirphlé le bheith ar siúl laistigh den chéad 100 lá tar éis mo shainordaithe.

Cad iad na ráthaíochtaí neamhspleáchais atá tú in ann a thabhairt don Pharlaimint, agus cén chaoi a gcinnteofá nach ndéanfadh aon ghníomhaíochtaí a rinne tú roimhe seo, atá ar siúl anois agat nó a bheidh ar siúl amach anseo agat, an bonn a bhaint ón tslí a gcomhlíonfaidh tú do chuid dualgas sa Choimisiún?

Geallaim go ndéanfaidh mé, a luaithe a dheimhneofar mar Leas-Uachtarán mé, fuarlitir agus meon Chonarthaí an Aontais maidir le neamhspleáchas, trédhearcacht, neamhchlaontacht agus infhaighteacht a chomhlíonadh gan teip, mar a shainítear in Airteagal 17(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus in Airteagal 245 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Comhlíonfaidh mé oibleagáid na rúndachta gairmiúla, mar a shainítear in Airteagal 339 CFAE. Déanfaidh mé Cód Iompair Chomhaltaí an Choimisiúin Eorpaigh agus a fhorálacha maidir le coinbhleachtaí leasa a urramú freisin, agus seachnóidh mé aon seasamh nó cás a d'fhéadfadh amhras a chaitheamh ar mo neamhspleáchas, ar mo neamhchlaontacht agus ar m'infhaighteacht don Choimisiún. Tá mo Dhearbhú Leasanna tugtha chun críche agus tá rochtain ag an bpobal air agus déanfaidh mé é a nuashonrú má tá gá le haon athrú air.

Mar iar-Fheisire de Pharlaimint na hEorpa, tá sé léirithe agam cheana féin a thiomanta atáim do na caighdeáin eiticíúla is airde, agus a mhéid a urramaím fuarlitir agus meon Chonarthaí an Aontais agus an oibleagáid gníomhú ar mhaithe le leas na hEorpa.

2. Na sainchúraimí a bhainistiú agus comhar le Parlaimint na hEorpa

An féidir leat gealltanais a thabhairt an Pharlaimint a chur ar an eolas go cuí faoi do chuid gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí do chuid ranna? I do thuairim, cén tslí a bhfuil tú cuntasach don Pharlaimint?

Cad iad na gealltanais shonracha atá tú sásta a thabhairt maidir le do rannpháirtíocht leis an bParlaimint agus a bheith i láthair sa Pharlaimint, sa choiste agus sa suí iomlánach araon, ó thaobh trédhearcachta, comhair agus obair leantach éifeachtach ar sheasaimh na Parlaiminte agus iarrataí ar thionscnaimh reachtacha? Maidir le tionscnaimh bheartaithe nó nósanna imeachta reatha, an bhfuil tú toilteanach faisnéis thráthúil agus doiciméid a sholáthar don Pharlaimint ar an mbonn comhionann céanna agus a dhéantar leis an gComhairle?

Ós rud é gurb í an choláisteacht atá ina treoirphrionsabal do ghníomhaíocht an chéad Choimisiúin eile, oibreoidh mé go dlúth le mo chomhghleacaithe sa Choláiste chun a chinntiú go mbeidh an Eoraip níos straitéisí, níos teanntásaí agus níos aontaithe agus a leasanna á saothrú aici, agus chun an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe agus ár gcomhluachanna uilíocha a chur chun cinn.

An féidir leat gealltanais a thabhairt an Pharlaimint a chur ar an eolas go cuí faoi do chuid gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí do chuid ranna?

Mar iar-Fheisire de Pharlaimint na hEorpa, creidim i ndáiríre – agus tá taithí phearsanta agam air seo – go gcuireann comhar éifeachtach idirinstiúideach feabhas ar obair an Aontais Eorpaigh. I ról an Ardionadaí / Leas-Uachtaráin, geallaim go gcoinneoidh mé an comhar tábhachtach sin ar bun. Feictear dom freisin go n-oibreoidh an caidreamh sin sa dá threo ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne. Nuair a bhí mé i mo chomhalta de na Toscaireachtaí Parlaiminteacha Eorpacha, agus mo róil mar Leas-Chathaoirleach na Toscaireachta chuig an gCoiste um Chomhar Parlaiminteach idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin, mar Chomhalta den Toscaireacht chuig Tionól Parlaiminteach Euronest agus sa Toscaireacht don chaidreamh leis na Stáit Aontaithe san áireamh, chonaic mé an tairbhe nach beag a bhaineann le caidreamh láidir idirpharlaiminteach agus an chaoi ar féidir leis sin a bheith ina

bhonn le comhar láidir idirinstiúideach laistigh den Aontas ar bhonn comhroinnt faisnéise. Malartuithe rialta a áirithiú le Parlaimint na hEorpa, le comhaltá a Coistí agus lena Toscaireachtaí Parlaiminteacha, beidh an méid sin chun tairbhe do mo chuid oibre mar Ardionadaí / Leasuachtarán. Cuirfidh mé an pointe sin i dtábhacht laistigh den Choláiste agus go háirithe do chomhaltá an Choláiste atá ag oibriú ar chaidreamh idirnáisiúnta.

Thairis sin, leagtar béim i Litreacha Mísín an Uachtaráin toghaí von der Leyen ar chuspóir an Choimisiúin Eorpaigh leas breise a bhaint as an gcaidreamh speisialta idir an Coimisiún agus Parlaimint na hEorpa, cuspóir a geloím go hiomlán leis agus a urramóidh mé trí dhua a chaitheamh leis ó thaobh mo chuid ama agus mo chumais de.

I do thuairimse, cén tslí a bhfuil tú cuntasach don Pharlaimint?

Gníomhóidh mé de mheon na gConarthaí agus creideamh domhain ionam nach féidir iontaoibh agus muinín shaoránaigh na hEorpa a mhealladh ach amháin trí éisteacht lena nguthanna agus trí pháirt a ghlacadh i ndíospóireacht dhaonlathach, go háirithe i bParlaimint na hEorpa.

Lorgóidh mé dlúthchaidreamh leis an bParlaimint, agus é bunaithe ar oscailteacht, trédhearcacht, iontaoibh fhrithpháirteach agus malartuithe rialta, chun go mbeidh an Pharlaimint in ann a formhaoirseacht dhaonlathach a fheidhmiú go héifeachtach. Déanfaidh mé taidhleoireacht Parlaiminteach a shlógadh chun tacú le mo chuid iarrachtaí.

Is maith is eol dom go bhfuil ceanglas ann dul i gcomhairle go rialta le Parlaimint na hEorpa maidir le príomhghnéithe agus bunroghanna an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES) agus an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC), i gcomhréir le hAirteagal 36 CAE. Creidim féin go gcinntítear cuntasacht leis sin, go méadaítear dlisteanacht dhaonlathach bheartas eachtrach agus slándála an Aontais, agus go neartaítear infheictheacht agus cumarsáid an Aontais leis na saoránaigh ina leith sin.

Cad iad na gealltanais shonracha atá tú sásta a thabhairt maidir le do rannpháirtíocht leis an bParlaimint agus a bheith i láthair sa Pharlaimint, sa choiste agus sa suí iomlánach araon, ó thaobh trédhearcachta, comhair agus obair leantach éifeachtach ar sheasaimh na Parlaiminte agus iarrataí ar thionscnaimh reachtacha?

Agus mo dhualgas á fheidhmiú agam, má dheimhnítear m'ainmniúchán, geallaim go gcuirfear forálacha infheidhme na gConarthaí chun feidhme ina n-iomláine, go háirithe Airteagal 36 CAE, agus Dearbhú 2010 maidir le Cuntasacht Pholaitiúil. Urramóidh mé go hiomlán forálacha Chreat-Chomhaontú 2010 idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún, agus forálacha Chomhaontú Idirinstiúideach 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr agus forálacha Chomhaontú Idirinstiúideach 2020 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhóna airgeadais

I gcomhréir le hAirteagal 36 CAE, rachaidh mé i gcomhairle go rialta le Parlaimint na hEorpa agus cuirfidh mé ar an eolas í faoi phríomhghnéithe mo chuid oibre agus faoi na roghanna bunúsacha a bhaineann lenár gComhbheartas Eachtrach agus Slándála. Geallaim go sonrach go ndéanfaidh mé idirphlé rialta leis an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus trí dhíospóireachtaí sa suí iomlánach, go háirithe i ndáil le glacadh thuarascáil bhliantúil Pharlaimint na hEorpa maidir le cur chun feidhme CBES agus CBSC agus na tuarascála bliantúla maidir le Cearta an Duine agus an daonlathas sa domhan. Geallaim freisin go ndéanfaidh mé idirphlé rialta maidir le gnóthaí eachtracha trí mhalartuithe leis na Coistí ábhartha agus trí mhalartuithe aonair. I réimse sonrach na caibidlíochta ar chomhaontuithe idirnáisiúnta, mar a fhoráiltear in Airteagal 218(10) CFAE agus i gcásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, áiritheoidh mé go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas go hiomlán agus láithreach ag gach céim den nós imeachta, maidir le comhaontuithe nach mbaineann le CBES agus comhaontuithe CBES araon atá faoi mo chúram, san fhormáid iomchuí. Mar thoradh air sin, beidh an Pharlaimint in ann grinnscrúdú daonlathach a dhéanamh ar ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais de réir na gConarthaí, i gcomhréir leis an gcothroimaíocht instiúideach agus le caomhnú shainchumais ábhartha na n-institiúidí uile lena mbaineann.

Tá sé i gceist agam leanúint de rannpháirt a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa i stiúradh straitéiseach na n-ionstraimí airgeadais tar éis threoirphlean an Idirphlé Gheopholaitiúil Ardleibhéil a bunaíodh faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta-an Eoraip Dhomhanda (NDICI-an Eoraip Dhomhanda). Coinneoidh mé na malartuithe sa Choiste Speisialta chun tosaigh ar ár gclár oibre comhpháirteach freisin. Tá rún agam freastal go rialta, i gcás inar féidir, ar na Comhdhálacha Idirpharlaiminteacha maidir le CBES agus CBSC. I ndáil leis sin, an nós atá ann iad sin agus cruinnithe Gymnich a eagrú ceann i ndiaidh a chéile, tá sé ina chuidiú agus is fiú leanúint de.

Oibreoidh mé i gcomhar go gníomhach le hUachtaránacht rothlach Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir le cuireadh a thabhairt do Chathaoirligh na gCoistí éagsúla a bhíonn ag déileáil le gnóthaí eachtracha teacht chuig cruinnithe neamhfhoirmiúla na Comhairle Gnóthaí Eachtracha ina foirmíochtaí éagsúla.

Maidir le tionscnaimh bheartaithe nó nósanna imeachta reatha, an bhfuil tú toilteanach faisnéis thráthuil agus doiciméid a sholáthar don Pharlaimint ar an mbonn comhionann céanna agus a dhéantar leis an gComhairle?

Geallaim go gcuirfidh mé chun feidhme go hiomlán forálacha ábhartha Chreat-Chomhaontú 2010, agus forálacha Chomhaontú Idirinstitiúideach 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearn, arb é is aidhm dó an chomhpháirtíocht idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún a dhoimhniú.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, cinnteoidh mé, ar bhonn prionsabail, go mbeidh baint ag Coistí Parlaiminteacha le haon fhorbairt thábhachtach atá faoi mo chúram, an tráth céanna agus ar comhchéim leis an gComhairle, i gcomhréir le prionsabal na cothromaíochta institiúidí agus caomhnú shainchumais ábhartha na n-institiúidí uile lena mbaianann.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, cinnteoidh mé go mbeidh Parlaimint na hEorpa rannpháirteach in aon fhorbairt thábhachtach atá faoi mo chúram, an tráth céanna agus ar comhchéim leis an gComhairle i gcás inarb ionann inniúlachtaí an dá institiúid. Ina theannta sin, i gcomhréir leis an Dearbhú maidir le cuntasacht pholaitiúil, geallaim go leanfaidh mé féin agus na seirbhísí faoi m'údarás den chleachtas malartuithe tuairimí a reáchtáil i gcéim phleanála tionscnamh agus straitéisí i réimse CBES agus go dtreiseoidh mé an cleachtas sin.

Ceisteanna ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha

3. Leagtar amach sna Treoirínte Polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile 2024-2029, inter alia, nach mór Comhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES) an Aontais a cheapadh agus aird á tabhairt ar an réaltacht dhomhanda atá ann faoi láthair agus nach mór don Aontas a bheith níos teanntásaí agus a leasanna straitéiseacha á saothrú aige. Gan dochar do phróisis chinnteoireachta an Choimisiúin, cad iad na tosaíochtaí agus na cuspóirí/spríocanna nithiúla a bheadh agat sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma (ar feadh thréimhse do shainordaithe) i dtaobh bealach i dtreo CBES a bheadh níos straitéisí, níos teanntásaí, níos aontaithe agus níos dírithe ar chearta an duine, faoi threoir luachanna agus phrionsabail an Aontais? Cad iad na príomhdhúshláin (idirnáisiúnta, réigiúnacha, dhéthaobhacha, institiúideacha, etc.) a fheictear duit ar an mbealach i dtreo shaothrú na dtosaíochtaí agus na cuspóirí sin, agus conas atá sé i gceist agat iad a shárú?

Ós rud é go mairimid i ndomhan foréigineach, éagobhsaí, contúirteach ina bhfuil an daonlathas, an smacht reachta agus cearta an duine i mbaol i gcónaí, tá ról thar a bheith tábhachtach ag an Aontas mar chrann taca na luachanna sin agus mar chosantóir an oird idirnáisiúnta riailbhunaithe, agus an méid sin á dhéanamh aige trí dhul i mbun comhpháirtíochta le páirtithe eile. Is iad ár dtosaíochtaí uaidh seo go ceann 5 bliana – ar bhonn na dTreoirínte Polaitiúla – a leagfaidh amach áit na hEorpa sa domhan sa chaoga bliain atá romhainn amach. Má dhéantar na cinntí cearta anois, áiritheofar nach mbeidh todhchaí an Aontais thíos leis na himeachtaí a tharlaíonn ná nach gcinnfear í de réir toil daoine eile. Tríd is tríd, is iad sin na cuspóirí agus na luachanna nach mór dár gComhbheartas Eachtrach agus Slándála a bheith bunaithe orthu, dar liom. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, áiritheoidh mé go mbeidh m'obair cuimsitheach agus go ndéanfar í i gcomhar le mo chomhghleacaithe sa Choláiste, le Parlaimint na hEorpa, leis an gComhairle, leis na Ballstáit agus le tíortha is iarrthóirí ionchasacha. Aontaím freisin nach mór cinnteoireacht an Aontais sa Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES) a bheith níos tapúla agus níos éifeachtúla, agus cuirim san áireamh leis sin staonadh inchiallaithe a úsáid, chomh maith le Vótáil trí Thromlach Cáilithe i gcás ina ndéantar foráil maidir leis sin sa Chonradh. Rachaidh mé i dteagmháil leis an gComhairle agus leis na Ballstáit agus tabharfaidh mé tús áite do chonstaicí atá ann cheana a shárú ionas go mbeidh mé in ann leas iomlán a bhaint as mo shainphribhléidí faoin gConradh, ach is mian liom freisin go mbeadh braistint úinéireachta comhroinnte ann maidir le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais.

Ní mór é a bheith ina tosaíocht ghearrthéarmach agam aghaidh a thabhairt ar na hábhair inní phráinneacha sa domhan: Cogadh na Rúise in aghaidh na hÚcráine agus slándáil agus cosaint an Aontais a neartú. An chaoi a bhfreagraímid do chogadh foghach neamhdhleathach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, tugann sé sin le fios don

domhan cé muid féin agus cé na luachanna a seasaimid ar a son. Ní hamháin gurb é an rud ceart é ó thaobh na moráltachta de tacú leis an Úcráin, creidim freisin, má leanaimid den tacaíocht sin don Úcráin – go polaitiúil, go heacnamaíoch, go míleata – a fhad agus is gá chun an cogadh seo a bhuachan, gurb é sin an chaoi ar féidir leis an Aontas a bheith inchreidte ar an ardán domhanda dáiríre, agus CBES níos straitéise, níos teanntásaí agus níos aontaithe a bheith aige, a bheidh dírithe níos mó ar chearta an duine. Tacaíocht an Aontais d’atógáil na tíre, tá sé sin rithábachtach freisin maidir lena hullmhúcháin le haghaidh bhallaíochta an Aontais. Cuid den phróiseas sin is ea ceartas a áirithiú d’íospartaigh uile na gcoireanna cogaidh atá déanta agus deimhin a dhéanamh de go n-íocfaidh an Rúis as an damáiste atá déanta aici.

Is cosúil gurb é an staid ina bhfuilimid inniu gur gá dúinn slándáil agus cosaint an Aontais a neartú le linn dóibh araon a bheith i mbaol. Ní mór dúinn gníomhú ar bhonn práinne. Sa chéad 100 lá den sainordú, in éineacht leis an gCoimisinéir um an gCosaint agus um an Spás, molfaidh mé Páipéar Bán maidir le Todhchaí Chosaint na hEorpa. Aithneoidimid ann an infheistíocht a bhfuil gá léi agus cuirfimid smaointe i láthair maidir le cur chuige níos fadtéarmaí i leith Aontas Eorpach um Chosaint a thógáil. Cuid bhunúsach den tslándáil agus den chosaint éifeachtach is ea an ullmhacht, agus rannchuideoidh mé le Straitéis um Aontas na hUllmhachta a mhúnlú. Beidh mé ag dréim le borradh a chur faoi chumais oibríochtaí an Aontais, misin shibhialtacha agus mhíleata CBSC a neartú agus úsáid a bhaint as an tsraith chothrománach nua de bhearta sriantacha in aghaidh bagairtí hibrídeacha. Beidh sé ina thosaíocht agam freisin an chomhpháirtíocht idir an tAontas agus ECAT a dhoimhniú a thuilleadh ar fud réimse iomlán na saincheisteanna slándála agus cosanta.

Cé gur bagairt ar shláine an Aontais Eorpaigh é cogadh na Rúise in aghaidh na hÚcráine, ní féidir a shéanadh go bhfuil éifeacht iarmharta ann ón ngéarchéim sa Mheánoirthear tar éis ionsaithe sceimhlitheoireachta an 7 Deireadh Fómhair 2023, a mhéid a bhaineann le géarú na coinbhleachta sa Mheánoirthear ach a mhéid a bhaineann freisin leis an leibhéal is airde frithsheimíteachais atá feicthe san Eoraip ó bhí an tUileoscadh ann. Ní mór don Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta i gcónaí sna hiarrachtaí daonnúla, agus oibriú leis na gníomhaithe uile chun tacú le síocháin chóir chuimsitheach a shaothrú sa réigiún, agus béim á leagan ar an réiteach dhá stát a chur chun cinn agus ar chomhpháirtíochtaí le príomhpháirtithe leasmhara réigiúnacha a neartú. Má dheimhnítear m’ainmniúchán, tá rún daingean agam, dá bhrí sin, mo sheacht ndícheall a dhéanamh i mo cháil mar Ardionadaí / Leas-Uachtarán, agus mé ag oibriú go dlúth leis an gCoimisinéir um Réigiún na Meánmhara, chun Straitéis chuimsitheach AE-an Meánoirthear a chur chun cinn agus seasaimh chomhchoiteanna AE a dhaingniú.

Idir iltaobhach agus réigiúnach, i gcomhar leis an gCoimisinéir um Réigiún na Meánmhara, cuirfidh mé smaointe i láthair chun caidreamh an Aontais leis an réigiún a athmhúnlú, chun Comhaontú nua don Mheánmhuir a dhéanamh.

Faoi dheireadh mo shainordaithe, in éineacht leis an gCoimisinéir um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta, is mian liom go mbeidh comhpháirtíochtaí fadtéarmacha neartaithe ag an Aontas ar fud an domhain, agus iad chun tairbhe don dá thaobh – ó Mheiriceá Laidineach agus Muir Chairib go dtí an réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, lena n-áirítear Clár Oibre Straitéiseach nua idir an tAontas agus an India, agus ón Áise Láir go dtí an Afraic. Tosaíocht ghearrthéarmach i ndáil leis sin is ea ár n-ullmhúchán don Chruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach in 2025. Tá tábhacht lenár gcomhpháirtithe. Beidh mé gan staonadh agus mé sa tóir ar cheangail níos láidre ar fud an domhain.

Agus ar bhonn réigiúnach agus déthaobhach araon, oibreoidh mé lenár gcomhpháirtithe straitéiseacha atá ar aon intinn linn, iad siúd in G7 ina measc, chun spriocanna agus leasanna comhroinnte a shaothrú. Ar ndóigh, tá an Ríocht Aontaithe san áireamh leis sin, chomh maith leis na Stáit Aontaithe, a bheidh fós ar an gcomhpháirtí agus ar an gcomhghuaillí is suntasaí de chuid an Aontais.

Déanfaidh mé mo mhíle dícheall freisin luachanna an Aontais a chosaint agus leasanna an Aontais a chosaint ar iomaítheoirí sistéamacha. Is é an tosaíocht a bheidh agam agus mé i dteagmháil leis an tSín slándáil gheopholaitiúil agus eacnamaíoch an Aontais a chosaint, trí oibriú i gcomhar leis na comhghleacaithe freagracha i gColáiste na gCoimisinéirí agus le Ballstáit an Aontais. Is iad na dúshláin is práinní sa chás seo tacaíocht na Síne don Rúis, chomh maith leis na míchothromaíochtaí struchtúracha idir an tAontas agus an tSín a eascraíonn as beartais agus cleachtais neamh-mhargaidh, lena gcruthaítear iomaíocht éagórach agus míchothroime iomaíochta.

I bhfianaise thábhacht mhéadaithe na ngnéithe seachtracha de bheartais inmheánacha an Aontais, idir an imirce agus an t-athrú aeráide, idir dhigitiú agus shlándáil eacnamaíoch, idir fhuinneamh agus rochtain ar amhábhair chriticiúla, áiríteoidh mé dlúthchomhar le comhaltáí ábhartha an Choláiste agus rachaidh mé i dteagmháil lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta i gcás inar gá. Maidir leis an imirce, atá ina mórdhúshlán agus ina tosaíocht shoiléir ag go leor Ballstát de chuid an Aontais, leanfaimid de chaidrimh straitéiseacha a fhorbairt maidir leis an imirce agus leis an tslándáil le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad, go háirithe tíortha tionscnaimh agus idirthurais, agus

leanfaimid freisin d'ionstraimíú imirceach ag teorainneacha seachtracha an Aontais a chomhrac. Chuige sin, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um Réigiún na Meánmhara, leis an gCoimisinéir um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta, agus leis an gCoimisinéir um Ghnóthaí Inmheánacha agus um an Imirce.

An gcaoi a bhforbraíonn an tAontas a chaidrimh le tríú tíortha ar an taobh eile den domhan, tá tionchar mór aige sin ar a chaidrimh leis na comharsana is gaire dúinn, go háirithe iad siúd a bhfuil ballraíocht san Aontas á lorg acu. I gcomhar leis an gCoimisinéir um Méadú, tabharfaidh mé tús áite do chaidrimh le tíortha an mhéadaithe, rannchuideoidh mé le hathbhreithnithe beartais réamh-mhéadaithe, lena n-áirítear athbhreithnithe ar shlándáil agus cosaint, spreagfaidh mé dea-chaidreamh comharsanachta agus athmhuintearas, agus cuideoidh mé le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna déthaobhacha i bpróiseas an mhéadaithe, ach anuas ar an méid sin, déanfaidh mé mo sheacht ndícheall i mo chuid oibre ar fud an domhain a áirithiú go mbeidh na saoránaigh nua Eorpacha bródúil as an Aontas a mbeidh siad páirteach ann.

Is é atá ina bhonn leis sin uile urraim bhunúsach don dlí idirnáisiúnta, do Chairt na Náisiún Aontaithe agus do Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, prionsabail atá ar fad faoi bhrú ar na mallaibh ag samhlacha malartacha. Creidim go bhfuil freagracht bhunúsach ar an Aontas an t-iltaobhachas a chur chun cinn agus rannchuidiú leis na hiarrachtaí domhanda an córas idirnáisiúnta riailbhunaithe a athchóiriú agus a nuachóiriú, an t-ollstruchtúr airgeadais san áireamh.

4. Conas atá sé i gceist agat feabhas a chur ar an gcomhordú i measc na gCoimisinéirí, go háirithe leis na Coimisinéirí ainmnithe don Mheánmhuir agus do chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta, ó thaobh tionchar comhcheangailte na mbeartas seachtrach agus gné sheachtrach na mbeartas inmheánach a mhéadú go suntasach? Conas a thabharfaidh tú aghaidh ar an easpa soiléireachta atá ag dul i méid a mhéid a bhaineann le hionadaíocht sheachtrach an Aontais agus ar an ngá atá le hinníúlachtaí na ngníomhaithe institiúideacha uile a bhfuil baint acu le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais a shainiú go soiléir? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat feabhas a chur ar úsáid na n-ionstraimí atá ar fáil, nó ionstraimí nua a fhorbairt, chun gearáil idirnáisiúnta an Aontais agus tionchar beartais na comhghníomhaíochta seachtraí Eorpaí a uasmhéadú? Go háirithe, a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- *infheistíocht a dhéanamh i gcomhpháirtíochtaí ar fud an domhain, lena n-áirítear infheistíocht a dhéanamh tríd an Tairseach Dhomhanda;*
- *úsáid straitéiseach ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais, i bhfianaise an chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil eile freisin (agus fíor-ról na Parlaiminte i stiúradh straitéiseach na n-ionstraimí á áirithiú ag an am céanna);*
- *cumarsáid chomhleanúnach, éifeachtach agus straitéiseach maidir le beartais agus gníomhaíochtaí seachtracha chun insintí bréagacha agus bréagaisnéis i dtríú tíortha a fhrithchothromú;*
- *a áirithiú go mbeidh na hacmhainní airgeadais atá ar fáil ag SEGS, saineolas na foirne agus an beartas earcaíochta, lena n-áirítear na ceanglais cháilíochta níos déine do na poist is tábhachtaí, ag teacht leis an leibhéal uailmhéine;*
- *measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht mhisin agus oibríochtaí CBSC atá ar siúl faoi láthair agus misin agus oibríochtaí nua de chuid CBSC a bhunú;*
- *cumhacht níos láidre a dhéanamh den Aontas i ngnóthaí domhanda, agus é a dhéanamh slán ó thionchar agus bagairtí seachtracha urchóideacha;*
- *beartas smachtbhannaí Eorpach comhleanúnach agus forfheidhmithe lena gcuirtear cosc ní hamháin ar chumas na Rúise leanúint dá fogha, ach lena ndéantar imchémniú agus imghabháil a chomhrac freisin, lena n-áirítear conas is aidhm duit inníúlachtaí comhroinnte faisnéise a mhéadú laistigh d'institiúidí agus Ballstáit an Aontais agus le príomhthíortha comhpháirtíochta freisin, conas a thabharfaidh tú aghaidh ar neamhailíniú líon mór tíortha, lena n-áirítear tíortha is iarrthóirí, agus an dtacaíonn tú le hacmhainneacht láraithe de chuid an Aontais a bhunú chun smachtbhannaí a fhorfheidhmiú agus chun ligean don Choimisiún agóid a dhéanamh i gcoinne maolú ar smachtbhannaí arna údarú ag Ballstát faoi Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle?*

Conas atá sé i gceist agat feabhas a chur ar an gcomhordú i measc na gCoimisinéirí, go háirithe leis na Coimisinéirí ainmnithe don Mheánmhuir agus do chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta, ó thaobh tionchar comhcheangailte na mbeartas seachtrach agus gné sheachtrach na mbeartas inmheánach a mhéadú go suntasach?

Sna Treoirilínte Polaitiúla agus sa litir mhisin, leagtar amach fis ina bhfuil nasc idir gach réimse oibre, agus ba cheart Comhaltaí uile an Choláiste oibriú ar mhaithe leis an bhfis sin de mheon na coláisteachta. I mo ról mar Leas-Uachtarán ar an gCoimisiún, má dheimhnítear m'ainmniúchán, éascóidh mé cruinnithe rialta den ghrúpa

seachtrach Coimisinéirí chun na príomhthosaíochtaí a ailíniú agus chun an ghníomhaíocht a chomhordú. I bhfianaise a thábhachtaí atá sé an comhleanúnachas idir beartais inmheánacha agus beartais sheachtracha a neartú agus an ghá atá ann freagairt d'ábhair inmí tríú tíortha a bhfuil tionchar ag reachtaíocht Eorpach orthu, iarrfaidh mé ar chomhaltai eile den Cholaíste teacht chuig na cruinnithe sin i gcás inar gá. Cuirfidh mé for-rochtain chomhroinnte chuig tíortha comhpháirtíochta chun cinn, de réir chur chuige Fhoireann na hEorpa. Ní foláir nó go mbeidh an méid sin ina thairbhe, dar liom, i dtaca le láithreach dhomhanda agus tionchar taidhleoireachta an Aontais a fheabhsú.

Conas a thabharfaidh tú aghaidh ar an easpa soiléireachta atá ag dul i méid a mhéid a bhaineann le hionadaíocht sheachtrach an Aontais agus ar an ngá atá le hinniúlachtaí na ngníomhaithe institiúideacha uile a bhfuil baint acu le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais a shainiú go soiléir?

Leagtar amach sna Conarthaí an creat agus na treoirphrionsabail maidir le hionadaíocht sheachtrach an Aontais, agus urramófar iad. Is é sin an creat ina n-oibreoidh mé, agus é á chur san áireamh agam go bhfuil gnéithe seachtracha tábhachtacha ag baint le go leor de thosaíochtaí an Aontais sa chéad sainordú eile, gnéithe lena n-éileofar ionadaíocht níos láidre fós ón Aontas ar an ardán idirnáisiúnta agus tuilleadh comhair idir na gníomhaithe institiúideacha uile atá rannpháirteach i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais, agus inniúlachtaí gach gníomhaí díobh á n-urramú go hiomlán.

Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat feabhas a chur ar úsáid na n-ionstraimí atá ar fáil, nó ionstraimí nua a fhorbairt, chun gearáil idirnáisiúnta an Aontais agus tionchar beartais na comhghníomhaíochta seachtraí Eorpaí a uasmhéadú? Go háirithe, a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- *infheistíocht a dhéanamh i gcomhpháirtíochtaí ar fud an domhain, lena n-áirítear infheistíocht a dhéanamh tríd an Tairseach Dhomhanda;*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i gcomhar leis na Coimisinéirí chun beartais, ionstraimí agus acmhainní uile an Aontais atá ar fáil a shlógadh agus tairbhe a bhaint astu go straitéiseach chun tionchar idirnáisiúnta an Aontais a uasmhéadú. Tabharfaidh mé tús áite do bhunú comhpháirtíochtaí cuimsitheacha a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh agus a bheidh bunaithe ar thuiscint dhaingean ar ár gcuspóirí geopholaitiúla, ar ár gcaidrimh lenár gcomhpháirtithe agus ar leasanna gach aon chomhpháirtí. Cuirfidh cur chuige comhtháite i bhfeidhm, agus é bunaithe ar bheartais eacnamaíocha, dhaonnúla, forbartha, síochána agus slándála.

Tá an Tairseach Dhomhanda tar éis athléimneacht an Aontais Eorpaigh agus na dtíortha comhpháirtíochta araon a neartú agus, san am céanna, tá an tionscnamh sin ag rannchuidiú go héifeachtach leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna). De réir na dTreoirlínte Polaitiúla, agus i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta, rannchuideoidh mé leis an Tairseach Dhomhanda a bhrú ar aghaidh go dtí an chéad leibhéal eile, trí bhithin infheistíocht sa bhonneagar, trádáil agus tacaíocht mhaicreacnamaíoch a chuimsiú in aon tairiscint chomhtháite amháin dár gcomhpháirtithe. Déanfar é sin de réir chur chuige Fhoireann na hEorpa i gcomhthéacs ár gcomhpháirtíochtaí cuimsitheacha, agus beidh sineirge ann le comhpháirtíochtaí atá againn cheana nó a bheidh againn amach anseo leis na tíortha lena mbaineann, lena n-áirítear na comhpháirtíochtaí nua um Thrádáil agus Infheistíocht Ghlan. San am céanna, tacóidh mé freisin le cur chuige difreáilte maidir leis na Tíortha is Lú Forbairt agus maidir le tíortha leochaileacha nó tíortha atá stollta ag an gcoimhleacht, agus suíomhanna casta eile.

- *úsáid straitéiseach ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais, i bhfianaise an chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil eile freisin (agus fíor-ról na Parlaiminte i stiúradh straitéiseach na n-ionstraimí á áirithiú ag an am céanna);*

Ós rud é gur comhreachtóir í, tá ról lárnach ag Parlaimint na hEorpa sa chaibidlíocht earnála maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI). Má dheimhnítear m'ainmniúchán, féachfaidh mé lena áirithiú, in éineacht leis na Coimisinéirí ábhartha, go mbeidh an Pharlaimint rannpháirteach fós in ionstraimí maoinithe gníomhaíochta seachtraí a stiúradh go straitéiseach, rud a chuirfeadh leis an tsamhail a bunaíodh leis an Idirphlé Geopholaitiúil Ardleibhéil faoi NDICI-an Eoraip Dhomhanda. Is den rithábhacht é go ndéanfaidh na hionstraimí sin an tAontas a bhunú mar ghníomhaí domhanda, go gcuirfidís feabhas ar ár n-ullmhacht agus go mbeidís ina gcrann taca faoi chur i láthair seachtrach thosaíochtaí geopholaitiúla an Aontais. Sin a bheidh ina thosaíocht agam amach anseo.

- *cumarsáid chomhleanúnach, éifeachtach agus straitéiseach maidir le beartais agus gníomhaíochtaí seachtracha chun insintí bréagacha agus bréagaisnéis i dtríú tíortha a fhrithchothromú;*

Tabharfaidh mé tús áite d'fhorbairt straitéise láidre um chumarsáid straitéiseach le haghaidh shainordú 2024-2029, agus ionchur á fháil ó ghníomhaithe ábhartha uile an Aontais. Is chun ár leasa choitinn é go seasfaimis ar son an mhana: 'Teachtaireacht amháin, guthanna iolartha'. Beidh ról tábhachtach ag Toscaireachtaí an Aontais maidir leis an mana sin a chur in iúl ar bhealach a bheidh ábhartha sa chomhthéacs áitiúil. Mar chuid dár straitéis cumarsáide, ní mór tús áite soiléir a thabhairt d'insintí bréagacha agus bréagaisnéis a chúiteamh i dtríú tíortha, agus is príomhfheidhm de chuid thaidhleoirí an Aontais an méid sin. Maidir le hIonramháil agus Cur Isteach Eachtrach (FIMI) ar Fhaisnéis, ba mhaith liom cur leis an saineolas atá againn, i bParlaimint na hEorpa san áireamh, agus leis na tionscadail rathúla atá i bhfeidhm cheana féin, mar shampla, EUvsDisinfo. San am céanna, ba mhaith liom SEGS lánúsáid a bhaint as uirlisí digiteacha agus dul i dteagmháil le saineolaithe FIMI ar fud an domhain chun a áirithiú go mbeidh tús áite ag an Aontas fós maidir leis na hiarrachtaí chun an bhagairt seo a chomhrac. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i gcomhar le mo chomh-Choimisinéirí chun deimhin a dhéanamh de go mbeidh cur chuige comhordaithe ann lena n-áiritheofar sineirgí.

- *a áirithiú go mbeidh na hacmhainní airgeadais atá ar fáil ag SEGS, saineolas na foirne agus an beartas earcaíochta, lena n-áirítear na ceanglais cháilíochta níos déine do na poist is tábhachtaí, ag teacht leis an leibhéal uailmhéine;*

Tá dúshlán airgeadais roimh SEGS mar gheall ar rátaí arda boillsithe i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad, go háirithe ó thosaigh cogadh foghach na Rúise. Idir 2021 agus 2023, tháinig méadú +8.9 % ar an iomlán, agus méadú 18 % i gcás toscaireachtaí, ar chaiteachas SEGS nach mbaineann le tuarastail, rud a chumhdaítear le Ceannteideal 7, ach os a choinne sin, níor tháinig ach méadú 2.2 % ar an mbuiséad nach mbaineann le tuarastal sa tréimhse chéanna.

Áiritheoidh mé go ndéanfaidh SEGS, in éineacht le seirbhísí an Choimisiúin, na Toscaireachtaí a chur in oiriúint don fhírinn gheopholaitiúil, agus go n-oibreoidh sé ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla san am céanna. Tabharfaidh mé treoir do mo sheirbhísí freisin straitéis earcaíochta réamhghníomhach a choinneáil ar bun agus comórtais spriocdhírthe inmheánacha agus sheachtracha a réachtáil a bheidh dírithe ar na riachtanais taidhleoireachta atá ag teacht chun cinn, chomh maith le próisis roghnúcháin a bheidh bunaithe fós ar fhiúntas agus ar chritéir atá combhionann le leibhéal agus le freagrachtaí na bpost. Ní mór leanúint de na hiarrachtaí chun combhionannas inscne agus cothromaíocht gheografach a chothú. Chun poist shinsearach a líonadh sa Cheanncheathrú agus sna Toscaireachtaí, beidh painéal bainisteoirí sinsearach SEGS, Ardrúnaíocht na Comhairle agus an Coimisiún, mar aon le hionadaithe ó na Ballstáit, rannpháirteach sa nós imeachta earcaíochta sa chaoi go n-áiritheofar próiseas cothrom críochnúil.

- *measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht mhisin agus oibriochtaí CBSC atá ar siúl faoi láthair agus misin agus oibriochtaí nua de chuid CBSC a bhunú;*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh sé ina thosaíocht agam go ndéanfar athbhreithniú agus measúnú rialta ar mhisin agus oibriochtaí CBSC uile an Aontais chun a áirithiú, agus na misin agus na hoibriochtaí sin á gceapadh, go n-úsáidfead na haidhmeanna cearta, na sainorduithe cearta agus na hacmhainní cearta chun go mbeidh siad oiriúnach dá bhfeidhm. In éineacht leis na hathbhreithnithe straitéiseacha rialta a dhéanfaidh an Chomhairle, cuideoidh sé sin leis na réimsí a shainaithint a gcuireann siad luach breise leo, na réimsí inar gá dúinn tosaíochtaí nua a leagan síos, nó na réimsí a shainaithint ina bhfuil riachtanais bhreise.

- *cumhacht níos láidre a dhéanamh den Aontas i ngnóthaí domhanda, agus é a dhéanamh slán ó thionchar agus bagairtí seachtracha urchóideacha;*

Ní féidir linn a áirithiú gur cumhacht láidir i ngnóthaí domhanda a bheidh san Aontas ach amháin trí sinn féin a choinneáil slán ó thionchar seachtrach mailíseach agus ó bhagairtí seachtracha mailíseacha. Tá gníomhaithe ann, mar shampla, an Rúis, an Iaráin, an Chóiré Thuaidh, agus, suas go pointe, an tSín, a bhfuil sé d'aidhm acu idirthuilleamaíochtaí a úsáid mar uirlis troda agus oscailteacht ár sochaithe a úsáid inár gcoinne. Ní mór dúinn a bheith ullamh lena aghaidh sin. Cuimsítear leis sin leis mearanailís a dhéanamh ar bhagairtí agus tairbhe a bhaint as lánacmhainneacht ionstraimí atá ann cheana, lena n-áirítear an córas smachtbhannaí cothrománach nua maidir le bagairtí hibrideacha. Oibreoidh mé gan stad gan staonadh le mo chomhghleacaithe sa Choláiste chun ár saoránaigh, ár n-institiúidí daonlathacha, ár ngeilleagar agus ár mbonneagair chriticiúla a chosaint ar naimhdeas seachtrach, agus áireofar leis an obair sin Straitéis nua um Aontas na Ullmhachta a ullmhú.

- *beartas smachtbhannaí Eorpach comhleanúnach agus forfheidhmithe lena gcuirtear cosc ní hamháin ar chumas na Rúise leanúint dá fogha, ach lena ndéantar imchéimniú agus imghabháil a chomhrac freisin, lena n-áirítear conas is aidhm duit inniúlachtaí comhroinnta faisnéise a mhéadú laistigh d'institiúidí agus Ballstáit an Aontais agus le príomhthíortha comhpháirtíochta freisin, conas a thabharfaidh tú aghaidh ar neamhailiniú líon mór tíortha, lena n-áirítear tíortha is iarrthóirí, agus an dtacaíonn tú le hacmhainneacht láraithe de chuid an Aontais a bhunú chun smachtbhannaí a fhorfheidhmiú agus chun ligean don Choimisiún agóid a dhéanamh i gcoinne maolú ar smachtbhannaí arna údarú ag Ballstát faoi Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle?*

Ní féidir le beartas smachtbhannaí an Aontais a bheith éifeachtach dáiríre ach amháin má dhéanann na Ballstáit é a fhorfheidhmiú go hiomlán agus mura dtéitear timpeall air. Chun gur féidir aghaidh a thabhairt ar an iliomad gnéithe a bhaineann le teacht timpeall, lena n-áirítear comhroinnt faisnéise, iarrfaidh mé tuilleadh comhair le príomh-chomhpháirtithe den dearcadh céanna, comhpháirtithe in G7 san áireamh, mar aon le tíortha is iarrthóirí, ar gá dóibh, mar chuid den phróiseas aontachais, cloí le luachanna an Aontais a bhfuil CBES bunaithe orthu. Laistigh de mo fhreagrachtaí, oibreoidh mé i gcomhar leis an gCoimisinéir um Sheirbhísí Airgeadais agus um an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta chun tacú le cur chun feidhme aonfhoirmeach smachtbhannaí an Aontais ar fud an Aontais.

5. Sa litir mhisin a seoladh chugat, cuireadh de chúram ort trucear a lorg i dtaobh úsáid na glásal atá cumhdaithe sna Conarthaí, go háirithe dá dtagraítear in Airteagail 31(2), 41(3), 45(2), 46(2)-(5) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, lena gceadaítear cinntí in CBES a dhéanamh trí vótáil trí thromlach cáilithe. Cad iad na constaicí a fheictear duit a bheidh ann agus an cúram sainordaithe seo á fheidhmiú agat agus conas atá sé i gceist agat comhthoil a fhorbairt chun go bhféadfar an úsáid is forleithne is féidir a bhaint as vótáil trí thromlach cáilithe a mhéid a bhaineann le cinntí CBES, go háirithe i gcomhthéacs iarraidh na Parlaiminte go n-athródh an Chomhairle de réir a chéile chuig vótáil trí thromlach cáilithe le haghaidh cinntí i réimsí CBES nach bhfuil impleachtaí míleata ná cosanta acu, agus na hábhair inniú atá ag roinnt Ballstát á gcur san áireamh? Ina theannta sin, conas atá sé beartaithe agat teacht ar chomhthuiscint ar ábhair atá deighilteach i measc na mBallstát?

De réir na gConarthaí, tá réimse CBES faoi réir rialacha sonracha, ina measc vótáil d'aon toil sa Chomhairle mar riail ghinearálta na cinnteoireachta. Cé go gcuirtear aontacht agus neart an Aontais chun tosaigh tríd an aontoilíocht, níor cheart é sin, áfach, moill a chur ar ár ndiongbháilteacht ná ar ár gcumas freagairt do mhórdhúshláin phráinneacha. Chonacthas é sin le déanaí i gcás nach raibh an Chomhairle in ann teacht ar chomhaontú maidir le ráitis ón Aontas, agus i gcás nach raibh an tAontas in ann labhairt d'aon ghuth agus an t-urlár fágtha faoi in eagraíochtaí idirnáisiúnta. Ar an drochuair, tá sé sin tar éis bac a chur ar thacaíocht an Aontais don Úcráin freisin, go háirithe maidir le leas iomlán a bhaint as an tSaoráid Eorpach Síochána. Le bheith ina cheannaire domhanda, ní mór don Aontas a bheith in ann cinntí a dhéanamh ar bhealach níos tapúla agus níos éifeachtúla, agus srianta ar an gcinnteoireacht a shárú. I mo cháil mar Ardionadaí / Leas-Uachtarán, féachfaidh mé, i gcomhréir le mo litir mhisin, lena chur ina luí ar gach duine gur ar mhaithe leis an leas ginearálta atá an sprioc sin. Tá plé déanta ar réitigh éagsúla chun gur féidir cinntí a dhéanamh trí Vótáil trí Thromlach Cáilithe (VTC) agus chun éifeachtúlacht ghníomhaíocht an Aontais i réimse CBES a fheabhsú:

- Úsáid staonadh inchiallaithe, go háirithe i laethanta tosaigh chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine [ceadaíodh do Bhallstáit ag a bhfuil neodracht mhíleata gan cur in aghaidh na gcinntí a rinneadh faoin tSaoráid Eorpach Síochána aisiocaíocht a dhéanamh leis na Ballstáit sin a chinn airm mharfacha a sheachadadh chuig an Úcráin];
- Úsáid na 'glásal *passerelle*' atá ann cheana agus a chumhdaítear sna Conarthaí, lena gcuirfí ar chumas an Aontais príomhchinntí áirithe a dhéanamh in CBES trí vótáil trí thromlach cáilithe, is é sin, chomh mear céanna le gníomhaithe domhanda eile. Mar sin féin, chun na clásail sin a ghníomhachtú, tá gá le cinneadh d'aon toil ón gComhairle Eorpach.

Go traidisiúnta, is réimse é CBES atá íogair ó thaobh ceannasachta de, agus ar chúiseanna éagsúla, tá roinnt mhaith Ballstát nach bhfuil ag iarraidh bogadh i dtreo VTC. Tuigim gurb é a shíleann roinnt díobh, i dtaca le bheith in ann crosadh, gurb é sin an rátháíocht is fearr chun leasanna náisiúnta a chosaint agus chun tionchar an Aontais a chosaint agus é i mbun cinnteoireachta. I gcásanna áirithe, áfach, tá an aontoilíocht tiontaithe ina hionstraim freisin, rud atá in aghaidh phrionsabal an chomhair dhílis a chumhdaítear sa Chonradh.

Agus an méid sin á chur san áireamh, má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá sé ar intinn agam dul i mbun plé oscailte leis an gComhairle chun a áirithiú go gcothóimid an mhúinín is gá chun iniúchadh a dhéanamh ar úsáid a bhaint as na clásail sin. Creidim gur cás maith tástála a bheadh ann úsáid a bhaint as na féidearthachtaí dá bhforáiltear

cheana sa Chonradh agus go bhféadfaí muinín a chothú i measc na mBallstát maidir le VTC a úsáid. Is í an aidhm chomhchoiteann is ceart a bheith againn inchreidteacht, comhsheasmhacht agus éifeachtacht ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a áirithiú, agus deimhin á dhéanamh d'úinéireacht na mBallstát san am céanna.

6. Is é is aidhm do na Treoirí Polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile 2024-2029 caidreamh an Choimisiúin le Parlaimint na hEorpa a neartú. Ag tógáil ar na gealltanais a thug do réamhtheachtaithe (agus ar na dea-chleachtais a bunaíodh leo), an bhféadfá sonraí a thabhairt faoin gcaoi a bhfuil sé i gceist agat an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ról réamhghníomhach agus éifeachtach a thabhairt don Pharlaimint (mar ghníomhaí lárnach de 'Foireann na hEorpa') ó na céimeanna is luaithe sna próisis chun do thosaíochtaí agus do chuspóirí a fhorbairt;
- a áirithiú go gcuirfear seasaimh na Parlaiminte san áireamh go cuí i do thograí (lena n-áirítear tograí comhpháirteacha) le haghaidh gníomhartha dlí ón gComhairle maidir le gach ábhar atá ábhartha don Choiste um Ghnóthaí Eachtracha (lena n-áirítear maidir le bearta sriantacha agus córais smachtbhannaí), comhairliúcháin ar thosaíochtaí agus seasaimh bheartas eachtrach AE (go háirithe roimh chruinnithe na Comhairle Gnóthaí Eachtracha) agus teachtaireachtaí agus straitéisí nua nó nuashonraithe AE, agus a áirithiú go gcuirfear an Pharlaimint, agus go háirithe a Coiste um Ghnóthaí Eachtracha, ar an eolas go córasach agus go tráthúil faoi na tograí, na comhairliúcháin agus na doiciméid sin;

- a áirithiú, laistigh de 3 mhí tar éis rúin na Parlaiminte a ghlacadh i réimse CBES/CBSC freisin, go ndéanfar measúnú leantach i scríbhinn ar an gcaoi ar cuireadh seasaimh na Parlaiminte san áireamh;

- a áirithiú go dtabharfar aird chuí ar thuairimí na Parlaiminte roimh phróiseas na gcaibidlíochtaí idirnáisiúnta agus lena linn, lena n-áirítear go gcuirfear an Pharlaimint, agus go háirithe a Coiste um Ghnóthaí Eachtracha, ar an eolas láithreach agus go hiomlán ag gach céim den chaibidlíocht maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta (lena n-áirítear comhaontuithe neamhcheangailteacha, socrúithe, Meabhráin Tuisceana) chomh maith lena gcur chun feidhme agus lena n-athbhreithniú, agus nach n-iarrfar cur i bhfeidhm sealadach comhaontuithe in aon chor sula mbeidh a toiliú tugtha ag an bParlaimint; sa chomhthéacs sin, conas is féidir dul chun cinn a dhéanamh ar athbhreithniú ar Chomhaontú Idirinstitiúideach 2002 maidir le rochtain ar fhaisnéis íogair i réimse CBES/CBSC (lena n-áirítear faisnéis maidir le smachtbhannaí, sainorduithe mhisin CBSC, a dtuarascálacha agus straitéisí tire arna seoladh ag Ionadaithe Speisialta AE chuig an gCoiste Polaitiúil agus Slándála)?

- ról réamhghníomhach agus éifeachtach a thabhairt don Pharlaimint (mar ghníomhaí lárnach de 'Foireann na hEorpa') ó na céimeanna is luaithe sna próisis chun do thosaíochtaí agus do chuspóirí a fhorbairt;

Mar iar-Fheisire de Pharlaimint na hEorpa, is mór agam an taidhleoireacht pharlaiminteach seo. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, geallaim go gcuirfidh mé leis na dea-chleachtais atá ann cheana agus go gcoinneoidh mé malartú tuairimí rialta le Parlaimint na hEorpa ar bun – go háirithe leis an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha – maidir le tosaíochtaí bheartas eachtrach an Aontais, a chuspóirí agus a chur chun feidhme tríd an Idirphlé Struchtúrtha maidir le tograí agus teachtaireachtaí atá ar na bacáin ó Chlár Oibre an Choimisiúin, agus go nglacfaidh mé páirt freisin i malartuithe *ad hoc*, san fhoráid iomchuí.

- a áirithiú go gcuirfear seasaimh na Parlaiminte san áireamh go cuí i do thograí (lena n-áirítear tograí comhpháirteacha) le haghaidh gníomhartha dlí ón gComhairle maidir le gach ábhar atá ábhartha don Choiste um Ghnóthaí Eachtracha (lena n-áirítear ábhair maidir le bearta sriantacha agus córais smachtbhannaí), comhairliúcháin ar thosaíochtaí agus seasaimh bheartas eachtrach AE (go háirithe roimh chruinnithe na Comhairle Gnóthaí Eachtracha) agus teachtaireachtaí agus straitéisí nua nó nuashonraithe AE, agus a áirithiú go gcuirfear an Pharlaimint, agus go háirithe a Coiste um Ghnóthaí Eachtracha, ar an eolas go córasach agus go tráthúil faoi na tograí, na comhairliúcháin agus na doiciméid sin;

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, geallaim go gcuirfidh mé tuairimí Pharlaimint na hEorpa san áireamh maidir leis na tograí a chuirfidh mé faoi bhráid na Comhairle. Leanfaidh mé d'úsáid a bhaint as na cleachtais idirphlé atá ann cheana ar bhealach córasach comhleanúnach. Cuirfidh mé an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an eolas freisin agus rachaidh mé i gcomhairle leis. De réir an chleachtais sheanbhunaithe, agus gan beann ar chineálacha eile malartuithe, cuirfidh mé Cathaoirleach an Choiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an eolas i scríbhinn faoi thorthaí chruinnithe na Comhairle. Creidim gurb é an t-idirphlé cuimsitheach substaintiúil an bealach is éifeachtúla agus is cuidithí chun a áirithiú go gcuirfear tuairimí agus seasamh Pharlaimint na hEorpa san áireamh go cuí. Mar shampla, tá ról tábhachtach ag seasamh agus gníomhaíochtaí Pharlaimint na hEorpa san fhor-rochtain éifeachtach chuig tríú tíortha mar fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Geallaim leanúint den chleachtas sin amach anseo.

- a áirithiú, laistigh de 3 mhí tar éis rúin na Parlaiminte a ghlacadh i réimse CBES/CBSC freisin, go ndéanfar measúnú leantach i scríbhinn ar an gcaoi ar cuireadh seasaimh na Parlaiminte san áireamh;

Geallaim go gcuirfidh mé seasaimh na Parlaiminte san áireamh go cuí i mo chuid oibre agus go dtabharfaidh mé treoir do SEGS dá réir. Molaim go ndéanfaimis idirphlé leanúnach agus obair leantach, idirphlé inar féidir leis an dá thaobh na forbairtí is déanaí a choigeartú, a oiriúnú agus glacadh leo go tapa agus luas mear na dinimice idirnáisiúnta a chur san áireamh.

- a áirithiú go dtabharfar aird chuí ar thuairimí na Parlaiminte roimh phróiseas na gcaibidlíochtaí idirnáisiúnta agus lena linn, lena n-áirítear go gcuirfear an Pharlaimint, agus go háirithe a Coiste um Ghnóthaí Eachtracha, ar an eolas láithreach agus go hiomlán ag gach céim den chaibidlíocht maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta (lena n-áirítear comhaontuithe neamhcheangailteacha, socrúithe, Meabhráin Tuisceana) chomh maith lena gcur chun feidhme agus lena n-athbhreithniú, agus nach n-iarrfar cur i bhfeidhm sealadach comhaontuithe in aon chor sula mbeidh a toiliú tugtha ag an bParlaimint; sa chomhthéacs sin, conas is féidir dul chun cinn a dhéanamh ar athbhreithniú ar Chomhaontú Idirinstitiúideach 2002 maidir le rochtain ar fhaisnéis iogair i réimse CBES/CBSC (lena n-áirítear faisnéis maidir le smachtbhannaí, sainorduithe mhisin CBSC, a dtuarascálacha agus straitéisí tíre arna seoladh ag Ionadaithe Speisialta AE chuig an gCoiste Polaitiúil agus Slándála)?

Má dheimhnítear m'ainmiúchán, déanfaidh mé mo dhícheall seasamh le prionsabail na trédhearcachta, na cuntasachta agus na dlísteanachta daonlathaí. Áiritheoidh mé go gcuirfear Parlaimint na hEorpa agus a coistí ar an eolas láithreach agus go hiomlán ag gach céim don nós imeachta maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta. Chuige sin, ní mór na socrúithe is gá a dhéanamh chun cóireáil rúnda a áirithiú i gcás inar gá.

Maidir le saincheist na gcomhaontuithe neamhcheangailteacha, ba mhaith liom a mheabhrú, mar a dhearbhaigh an Chúirt, go dtagann siad faoi shainphribhléidí beartais na Comhairle. Mar sin féin, táim sásta féachaint ar bhealaí chun an Pharlaimint a choinneáil ar an eolas, ag an gcéim iomchuí den nós imeachta, agus sainphribhléidí na Comhairle á n-urramú go hiomlán san am céanna.

Tá feabhas le cur fós ar an ionstraim atá i bhfeidhm chun faisnéis rúnaicmithe a mhalartú idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i réimse CBES, ionstraim atá i bhfeidhm ó bhí 2002 ann. Geallaim oibriú leis an bParlaimint agus leis an gComhairle chun teacht ar chomhaontú a luaithé is féidir. Idir an dá linn, coinneoidh mé na Feisirí de Pharlaimint na hEorpa ar an eolas trí chruinnithe an Choiste Speisialta.

7. Cad iad na bearta nithiúla atá beartaithe agat a dhéanamh chun an comhar idir tú féin (le tacaíocht ón gCoimisiún/SEGS) agus an Pharlaimint a choinneáil agus a fheabhsú tuilleadh, ag tógáil ar an gcleachtas seanbhunaithe atá ann faoi láthair, lena n-áirítear sonraí a sholáthar maidir leis an gcaoi a bhfuil sé beartaithe agat an méid seo a leanas a dhéanamh:

- malartú rialta tuairimí a choinneáil sa Seisiún Iomlánach agus leis an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (lena n-áirítear 'idirphlé struchtúrtha' agus a áirithiú go mbeidh tú i láthair sa Choiste ar gearrfhógra i gcás imeachtaí suntasacha nó forbairtí móra); a áirithiú go bhfreastalóidh tú go rialta ar Chomhdhála Idirpharlaimínteacha maidir le CBES/CBSC;

- feabhas a chur ar na seisiúin faisnéise ar an láthair don Choiste um Ghnóthaí Eachtracha, ar bhealach rialta tráthúil roimh chruinnithe na Comhairle Gnóthaí Eachtracha agus ina ndiaidh, lena n-áirítear cruinnithe agus i na Formáid Chosanta, agus faisnéis ábhartha neamhphoiblí ábhartha a chur ar fáil (lena n-áirítear faisnéis a chur ar fáil trí chruinnithe 'i seomra iata' i gcás ina bhfuil údar cuí leis sin) maidir le haon staidéanna idirnáisiúnta reatha agus tuairiscíú polaitiúil ó SEGS;

- leanúint de bheith rannpháirteach go hiomlán i gCoiste Speisialta Pharlaimint na hEorpa;

- cruinnithe comhairliúcháin comhpháirteacha maidir le CBES a fheabhsú, go háirithe trí réamhfaisnéis i scríbhinn ó do sheirbhísí maidir le cinntí buiséadacha uile CBES;

- a áirithiú go dtiocfaidh Cinn Toscaireachtaí nuacheaptha agus Ionadaithe Speisialta AE os comhair an Choiste um Ghnóthaí Eachtracha agus go mbeidh a gceapachán coinniollach ar dheimhniú ón bParlaimint, chomh maith lena áirithiú go dtiocfaidh Cinn mhisin CBSC agus oifigigh shinsearach SEGS i láthair sa Choiste agus go mbeidh rannchuidiú fóinteach ann uathu, go háirithe ag cruinnithe i seomra iata, agus leanúint de chuid na Parlaiminte de Chomhdháil Bhliantúil na nAmbasadóirí a eagrú; a áirithiú go gcoinneofar cothromaíocht chuí gheografach agus inscne agus Cinn Toscaireachtaí nua agus oifigigh ardcéime SEGS á gceapadh;

- gníomhaíochtaí an Choimisiúin/SEGS agus na Parlaiminte a shioncrónú ar bhealach níos fearr, mar shampla trí réamh-chomhroinnt chórasach na n-amlínte atá beartaithe chun doiciméid straitéiseacha oifigiúla, cruinnithe aireachta agus cruinnithe mullaigh a eisiúint, tograí chun tús a chur le caibidlíocht maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta, idirphlé ar chearta an duine agus pleanáil gníomhaíochtaí tacaíochta don daonlathas;

- leanúint den chomhar agus de na sineirgí idir an Pharlaimint agus SEGS, lena n-áirítear Toscaireachtaí AE, a éascú i gcomhthéacs cuairteanna oifigiúla Fheisirí Parlaimint na hEorpa ar thríú tíortha;
- an tSeirbhís Gníomhaíochta Seachtraí a fhorbairt a thuilleadh chun Seirbhís Eorpach Taidhleoireachta éifeachtach a dhéanamh di;
- feabhas a chur ar an dea-chomhar atá ann cheana idir Misin Breathnóireachta Toghcháin an Aontais agus Parlaimint na hEorpa agus na cinn a chumhdaítear le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile;
- ceangal níos dlúithe a dhéanamh idir Parlaimint na hEorpa agus seasaimh agus cinntí maidir leis na próisis aontachais?

- malartú rialta tuairimí a choinneáil sa Seisiún Iomlánach agus leis an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (lena n-áirítear ‘idirphlé struchtúrtha’ agus a áirithiú go mbeidh tú i láthair sa Choiste ar gearrfhógra i gcás imeachtaí suntasacha nó forbairtí móra); a áirithiú go bhfreastalóidh tú go rialta ar Chomhdhálacha Idirpharlaiminteacha maidir le CBES/CBSC;

Sa bhreis ar na díospóireachtaí sa suí iomlánach, go háirithe chun deireadh a chur le glacadh thuarascálacha bliantúla Parlaimint na hEorpa maidir le cur chun feidhme CBES agus CBSC i gcomhréir le hAirteagal 36 CAE, agus le glacadh na tuarascála bliantúla: ‘Cearta an Duine agus an Daonlathas ar Domhan’, creidim gur féidir linn feabhas a chur ar phlé parlaiminteach freisin trí spriocdhírú ar líon ábhar faoi leith a bhaineann leis an mbeartas eachtrach, agus ar an gcaoi sin díriú ar phlé tráthúil neamhbhalbh substaintiúil, plé a gcuirfidh a thorthaí ár ndiongbháilteacht agus ár rannpháirtíocht in iúl do thríú comhpháirtithe. D’fhéadfaí cruinnithe *ad hoc* san fhormáid iomchuí a bheartú freisin, go háirithe le haghaidh cinntí agus cásanna a bhfuil luas fúthu. Má dheimhnítear m’ainmniúchán, tá sé i gceist agam freisin freastal go rialta, a mhéid is féidir, ar na Comhdhálacha Idirpharlaiminteacha maidir le CBES/CBSC.

- feabhas a chur ar na seisiúin faisnéise ar an láthair don Choiste um Ghnóthaí Eachtracha, ar bhealach rialta tráthúil roimh chruinnithe na Comhairle Gnóthaí Eachtracha agus ina ndiaidh, lena n-áirítear cruinnithe agus í ina Formáid Chosanta, agus faisnéis ábhartha neamhphoiblí ábhartha a chur ar fáil (lena n-áirítear faisnéis a chur ar fáil trí chruinnithe ‘i seomra iata’ i gcás ina bhfuil údar cuí leis sin) maidir le haon staidéanna idirnáisiúnta reatha agus tuairisciú polaitiúil ó SEGS;

Cuirfidh mé an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an eolas agus rachaidh mé i gcomhairle leis, roimh chruinnithe na Comhairle Gnóthaí Eachtracha agus maidir le torthaí na gcrúinnithe sin. An chomhroinnt tuarascálacha agus faisnéise, cuireann sé sin le méadú a dhéanamh ar an eolas coiteann atá againn ar ábhair a bhaineann le gnóthaí eachtracha, agus le creat coiteann agus tuiscint choiteann ar ár ngníomhaíochtaí a fhorbairt. Má dheimhnítear m’ainmniúchán, leanfaidh mé de shocruithe praiticiúla an reachtais roimhe seo a chur chun feidhme go hiomlán (is é sin, faisnéis a chomhroinnt níos tapúla trí mhodhanna leictreonacha) agus tabharfaidh mé treoir do na seirbhísí ábhartha oibríú le Parlaimint na hEorpa agus comhairle a chur orm maidir le tuilleadh feabhsuithe a d’fhéadfaí a dhéanamh, agus an tslándáil agus an rúndacht iomchuí á n-áirithiú san am céanna.

- leanúint de bheith rannpháirteach go hiomlán i gCoiste Speisialta Parlaimint na hEorpa;

Cé go leanfar den chaibidlíocht maidir le socrú nua idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an tArdionadaí i ndáil le rochtain na Parlaiminte ar fhaisnéis rúnaicmithe, coinneoidh mé Feisirí Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir le faisnéis rúnaicmithe sna cruinnithe leis an gCoiste Speisialta, agus lánurraim á tabhairt do na rialacha a bhaineann leis an gcineál sin faisnéise a chomhroinnt.

- cruinnithe comhairliúcháin comhpháirteacha maidir le CBES a fheabhsú, go háirithe trí réamhfaisnéis i scríbhinn ó do sheirbhísí maidir le cinntí buiséadacha uile CBES;

Má dheimhnítear m’ainmniúchán, geallaim go roinnfidh mé leis an bParlaimint impleachtaí buiséadacha na gCinntí ón gComhairle a bhaineann le buiséad CBES a luaithe is féidir tar éis a nglactha, trí na Cruinnithe Comhairliúcháin Comhpháirteacha freisin. Chomh maith leis sin, tabharfaidh mé treoir do Chathaoirleach an Choiste Pholaitiúil agus Slándála, do Cheann na Seirbhíse um Ionstraimí Beartais Eachtraigh (FPI) agus do bhainistíocht shinsearach SEGS, de réir mar is iomchuí, leanúint de Chathaoirligh an Choiste um Ghnóthaí Eachtracha agus an Choiste um an mBuiséad, chomh maith le Feisirí ábhartha eile de Parlaimint na hEorpa, a chur ar an eolas faoi chur chun feidhme bhuiséad CBES.

- *a áirithiú go dtiocfaidh Cinn Toscaireachtaí nuacheaptha agus Ionadaithe Speisialta AE os comhair an Choiste um Ghnóthaí Eachtracha agus go mbeidh a gceapachán coinníollach ar dheimhniú ón bParlaimint, chomh maith lena áirithiú go dtiocfaidh Cinn mhisin CBSC agus oifigigh shinsearacha SEGS i láthair sa Choiste agus go mbeidh rannchuidiú fóinteach ann uathu, go háirithe ag cruinnithe i seomra iata, agus leanúint de chuid na Parlaiminte de Chomhdháil Bhliantúil na nAmbasadóirí a eagrú; a áirithiú go gcoinneofar cothromaíocht chuí gheografach agus inscne agus Cinn Toscaireachtaí nua agus oifigigh ardcéime SEGS á gceapadh;*

Geallaim go leanfaidh mé den chleachtas Ambasadóirí nuacheaptha agus Ionadaithe Speisialta AE a chur ar fáil le haghaidh malartuithe tuairimí leis an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha ar dhul i mbun a sainordaithe dóibh agus le linn a bpostálacha. Maidir le Comhdháil Bhliantúil na nAmbasadóirí, tá breisluach soiléir ag baint le rannpháirtíocht Pharlaimint na hEorpa agus má leantar den ‘chéim PE’ a eagrú, beidh níos mó deiseanna fós ann taidhleoireacht pharlaiminteach a úsáid chun comhtháthú le for-rochtain Thoscaireachtaí an Aontais i dtríú tíortha. Tá nósanna imeachta roghnúcháin SEGS bunaithe go daingean ar fhiúntas. Má dheimhnítear m’ainmniúchán, tabharfaidh mé aird faoi leith ar chothromaíocht leormhaith gheografach agus inscne a áirithiú. Tá SEGS ag tarraingt go seasta ar an sprioc paireacht iomlán inscne a bheith ann ar gach leibhéal bainistíochta faoi 2025 agus tá dul chun cinn á dhéanamh aige freisin i dtreo cothromaíocht gheografach níos fearr. Chun na treochtaí dearfacha sin a chomhdhlúthú agus chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis na Ballstáit uile, agus spreagfaidh mé iad le díorma iarrthóirí atá dea-cháilithe agus cothrom ó thaobh inscne de a mholadh.

- *gníomhaíochtaí an Choimisiúin/SEGS agus na Parlaiminte a shioncrónú ar bhealach níos fearr, mar shampla trí réamh-chomhroinnt chórasach na n-amlínte atá beartaithe chun doiciméid straitéiseacha oifigiúla, cruinnithe aireachta agus cruinnithe mullaigh a eisiúint, tograí chun tús a chur le caibidlíocht maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta, idirphlé ar chearta an duine agus pleanáil gníomhaíochtaí tacaíochta don daonlathas;*

A mhéid a bhaineann le faisnéis don Pharlaimint agus don Chomhairle maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta a phleanáil mar chuid den bheart clársceidealaithe bliantúil, sa bhreis ar mo ghealltanais a eascraíonn as Airteagal 218(10) CFAE agus as cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, táim sásta bealaí a phlé inar féidir feabhas a chur ar chomhroinnt luath faisnéise maidir le pleanáil chun gníomhaíochtaí an Choimisiúin/SEGS agus na Parlaiminte a shioncrónú ar bhealach níos fearr. Coinneoidh mé an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an eolas freisin faoi amlínte le haghaidh doiciméid oifigiúla, cruinnithe, misin agus idirphlé. Ar bhonn níos ginearálta, tá sé ar intinn agam dlúthbhaint a bheith agam leis an idirphlé a mbíonn an Coimisiún rannpháirteach ann in éineacht le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle sula nglactar an Clár Oibre bliantúil agus ina dhiaidh sin.

- *leanúint den chomhar agus de na sineirgí idir an Pharlaimint agus SEGS, lena n-áirítear Toscaireachtaí AE, a éascú i gcomhthéacs cuairteanna oifigiúla Fheisirí Parlaimint na hEorpa ar thríú tíortha;*

Geallaim go leanfaidh mé den chaoi a gcuirtear na Treoirí chun feidhme faoi láthair le haghaidh cuairteanna arna ndéanamh ag Toscaireachtaí Parlaimint na hEorpa. Tabharfaidh mé treoir do SEGS leanúint d’oibriú go dlúth le seirbhísí na Parlaiminte le linn an phróisis chun misin Parlaiminteacha thar lear a chinneadh, a ullmhú agus a thógáil ar láimh, go háirithe toisc go n-áiríteoidh sé sin comhsheasmhacht agus comhlántacht idir obair Thoscaireachtaí AE agus an taidhleoireacht pharlaiminteach.

- *an tSeirbhís Gníomhaíochta Seachtraí a fhorbairt a thuilleadh chun Seirbhís Eorpach Taidhleoireachta éifeachtach a dhéanamh di;*

Má dheimhnítear m’ainmniúchán, beidh sé ina phríomhthosaíocht SEGS a fhorbairt ina ‘seirbhís taidhleoireachta AE atá ullamh don todhchaí’. Beidh an comhar straitéiseach leis an gCoimisiún agus le Parlaimint na hEorpa fíorriachtanach fós, lena n-áirítear comhar maidir le saincheisteanna buiséid agus acmhainní daonna, chun acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna a áirithiú do SEGS ionas gur féidir leis an Aontas a bheith ina ghníomhaí inchreidte ar bhonn domhanda i ndáil le cúrsaí polaitiúla agus slándála. Thar aon ní eile, má leagtar béim ar fhorbairt agus oiliúint foirne, cuirfear ar ár gcumas dúinn cultúr coiteann taidhleoireachta agus bainistíochta a shainiú. I ndáil leis an méid sin, má bhunaítear Acadamh Eorpach Taidhleoireachta – mar a mhol Parlaimint na hEorpa – beidh ról lárnach aige sin maidir le fíorchór taidhleoireachta Eorpach a mhúnlú.

- *feabhas a chur ar an dea-chomhar atá ann cheana idir Misin Breathnóireachta Toghcháin an Aontais agus Parlaimint na hEorpa agus na cinn a chumhdaítear le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile;*

Bunchloch de Bhreathnóireacht Toghcháin an Aontais is ea an obair foirne den scoth idir Parlaimint na hEorpa, SEGS agus an Coimisiún Eorpach. Ba cheart leanúint den chomhordú le breathnóirí idirnáisiúnta eile, agus é bunaithe ar dhearbhu idirnáisiúnta na bprionsabal maidir le breathnóireacht toghcháin, lena n-áirítear comhordú trí chruinnithe ar a bhfreastalóidh seirbhísí na Parlaiminte, SEGS agus an Choimisiún ar bhonn bliantúil.

- *ceangal níos dlúithe a dhéanamh idir Parlaimint na hEorpa agus seasaimh agus cinní maidir leis na próisis aontachais?*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé go dlúth leis an gCoimisinéir um Méadú chun próiseas an mhéadaithe a chur chun cinn sna blianta amach romhainn. Tacaíocht Pharlaimint na hEorpa don phróiseas agus don rannpháirtíocht i gcomhar le comhpháirtithe an mhéadaithe, go háirithe trí na Comhchoistí Parlaiminteacha le tíortha is iarrthóirí, cuideoidh sé sin le cur chun cinn phróiseas an mhéadaithe a spreagadh agus le fuinneamh polaitiúil a dhíriú ar na hathchóirithe a bhfuil gá leo.

Ceist ón gCoiste um Fhorbairt

8. I bhfianaise do litreach misin, tá muinín againn as an Ardionadaí / Leas-Uachtarán gníomhú mar bhróicéir macánta chun beartas eachtrach fíorchothromaithe a fhorbairt agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe a chur chun cinn. I bhfianaise an róil uileghabhálaigh atá agat, cén cur chuige a ghlacfaidh tú i leith obair an Choláiste le haghaidh 'maoiniú athchóirithe don ghníomhaíocht sheachtrach', ionas go leanfaidh sé de dháileadh cothrom réigiúnach agus téamach a léiriú mar atá faoi láthair faoi NDICI-an Eoraip Dhomhanda? Cad iad na bearta agus na tionscnaimh nithiúla a dhéanfaidh tú chun 'nasc níos fearr a áirithiú idir beartais inmheánacha agus beartais sheachtracha an Aontais' mar a léirítear i do litir mhisin? Conas a dhéanfaidh tú Comhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt Inbhuanaithe a oibriochtú go héifeachtach i ngach próiseas reachtach agus polaitiúil?

I bhfianaise do litreach misin, tá muinín againn as an Ardionadaí/Leas-Uachtarán gníomhú mar bhróicéir macánta chun beartas eachtrach fíorchothromaithe a fhorbairt agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe a chur chun cinn.

Déanfaidh mé mo sheacht ndícheall a bheith i mo bhróicéir macánta i dtaca le beartas eachtrach fíorchothrom a fhorbairt, beartas a bheidh ceaptha aghaidh a thabhairt ar na firinní geopholaitiúla atá ann faoi láthair, ach ina theannta sin, creidim féin freisin go bhfuil rath an Aontais mar ghníomhaí beartais eachtraigh ag brath go hiomlán ar ár gcumas labhairt d'aon ghuth, agus féachfaidh mé leis an aontacht sin a bhaint amach trí dhul i dteagmháil go rialta leis an gComhairle agus leis na Ballstáit. Sin an chaoi ar féidir leis an Aontas cur go rathúil agus go praiticiúil le tionscnaimh dhomhanda, mar atá déanta againn le déanaí i gcás na Náisiún Aontaithe agus na gcomhpháirtithe, ionas go mbeimid in ann Comhshocrú uailmhianach don Todhchaí a mhúnlú agus a áirithiú.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, geallaim go diongbháilte Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIInna) na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme agus a áirithiú go ndéanfar iad a phríomhshruthú ar fud ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais. Níl sa mhéid sin ach dea-bheartas eachtrach agus creidim nár cheart aon chomhréiteach a bheith ann ina leith. Thairis sin, tá tionchar na ngéarchéimeanna iomadúla – ina measc an t-athrú aeráide, paindéim COVID-19, cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine agus an staid sa Mheánoirthear – tar éis bac mór a chur ar dhul chun cinn maidir leis na SFIInna a chur chun feidhme. Sin an fáth a mbeidh sé fós ina ghné ríthábhachtach de chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta an Aontais na SFIInna a chur chun cinn agus tacú lena mbaint amach, agus sin an fáth freisin a bhfuil cur chuige nua an Aontais, agus an Tairseach Dhomhanda ina bonn leis, ag cur ar a chumas don Aontas cheana féin rannchuidiú níos mó agus ar bhealach níos éifeachtaí leis na SFIInna. Maidir le stáit leochaileacha, tíortha a bhfuil aghaidh á tabhairt acu ar éagobhsaíocht nó suíomhanna casta agus cásanna eile – ar cásanna iad nach é an Tairseach Dhomhanda ionstraim lárnach ár gcomhpháirtíochtaí – áirithioidh mé freisin, in éineacht leis an gCoimisinéir um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta, go mbeimid in ann tacaíocht spriocdhírthe a thairiscint nach bhféadfaidh aon duine ar lár.

I bhfianaise an róil uileghabhálaigh atá agat, cén cur chuige a ghlacfaidh tú i leith obair an Choláiste le haghaidh 'maoiniú athchóirithe don ghníomhaíocht sheachtrach', ionas go leanfaidh sé de dháileadh cothrom réigiúnach agus téamach a léiriú mar atá faoi láthair faoi NDICI-an Eoraip Dhomhanda?

Ní bheidh an tAontas in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn ach amháin trí bhuiséad nua a bheidh oiriúnach dá uailmhianta, lena n-áirítear maoiniú athchóirithe don ghníomhaíocht sheachtrach. Chun go mbeidh

tionchar ag an mbuiséad sin, ní mór é a dhearadh ar bhealach a oireann do na comhpháirtithe a mbímid ag oibriú leo, ach freisin, sa chaoi go ndéanfar é a ailíniú lenár leasanna straitéiseacha. Ní mór dúinn tús a chur lenár machnamh leis an gceist ‘cad ba mhaith linn a mhaoiniú’ ionas go bhfeicfimis ansin ‘conas’ is fearr is féidir linn ár gcuspóirí a bhaint amach agus na torthaí is fearr is féidir a fháil ar na cuspóirí sin. Agus an Creat Airgeadais Ibhliantúil (CAI) nua á cheapadh againn, beidh orainn ceachtanna a fhoghlaim ón gcreat atá ann faoi láthair, go háirithe i ndáil le simplíocht, solúbthacht, luas agus fócas straitéiseach. Déanfar an CAI a bheith ann amach anseo a dhearadh freisin i gcomhthéacs atá thar a bheith difriúil leis an gcomhthéacs a bhain leis an gcreat roimhe seo, agus beidh i bhfad níos mó i gceist leis ó thaobh na geopholaitíochta agus na geo-eacnamaíochta de, rud ba cheart a bheith le feiceáil ann.

Cé nach féidir liom a rá cén t-ábhar sonrath a bheidh sa togra ón gCoimisiún, is féidir liom a chur i bhfios go láidir gurb é an cur chuige a bheidh agam féin, má dheimhníonn tú m’ainmniúchán mar Leas-Uachtarán, páirt iomlán a ghlacadh sa phróiseas sin, agus oibriú go dlúth leis an gCoimisinéir um an mBuiséad agus Comhrac Calaoise agus um an Riarachán Poiblí agus leis na Coimisinéirí sa ghrúpa caidrimh sheachtraigh, chun a áirithiú go mbeidh ionstraimí airgeadais fóna agus oiriúnacha ann mar thoradh ar an togra ón gCoimisiún, ionstraimí a thacóidh go hiomlán le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais.

Cad iad na bearta agus na tionscnaimh nithiúla a dhéanfaidh tú chun ‘nasc níos fearr a áirithiú idir beartais inmheánacha agus beartais sheachtracha an Aontais’ mar a léirítear i do Litir Mhisin? Conas a dhéanfaidh tú Comhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt Inbhuanaithe a oibriochtú go héifeachtach i ngach próiseas reachtach agus polaitiúil?

Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Leas-Uachtarán agus i gcomhréir le mo litir mhisin, cinnteoidh mé go mbeidh cruinnithe rialta tráthúla ag na Coimisinéirí um an gcaidreamh seachtrach chun na gnéithe seachtracha de bheartais an Aontais a phlé, agus go n-iarrfar ar na Coimisinéirí ábhartha freastal orthu i gcás inarb ábhartha. An aidhm ba cheart a bheith aige sin a áirithiú go ndéanfar an ghné sheachtrach a chomhtháthú go comhsheasmhach inár mbeartais inmheánacha agus *vice versa*. Chun na críche céanna, agus mar a shonraítear i mo litir mhisin, ullmhóidh mé díospóireachtaí Coláiste rialta maidir le príomh-shaincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas eachtrach, ina dtarraingeoidh mé aird freisin ar aon chás ina dtugaim forluí soiléir le beartas inmheánach an Aontais faoi deara.

I gcomhar le Comhaltaí eile an Choláiste, má dheimhnítear m’ainmniúchán, beidh mé ag dréim leis an ngné sheachtrach a leabú inár mbeartais inmheánacha, ó cheapadh beartais go cur chun feidhme, agus cuirim san áireamh leis sin saincheisteanna buiséadacha, réimse ina bhforbróimid nasc níos láidre fós idir maoiniú na gníomhaíochta seachtraí agus tosaíochtaí beartais inmheánaigh. Áiritheofar leis sin, mar shampla, go ndéanfar ceisteanna maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe a chomhtháthú sna réimsí beartais agus sna próisis chinnteoireachta ábhartha uile. Thairis sin, cuirfidh mé chun cinn measúnú agus comhtháthú luath an tionchair a d’fhéadfadh a bheith ag beartais an Aontais i dtírí tíortha le linn chéim an cheaptha beartais, lena n-áirítear tionchar carnach féideartha beartais éagsúla an Aontais. Cuimseofar leis sin for-rochtain leanúnach ar ár gcomhpháirtithe sa Bhruiséil agus trí Thoscaireachtaí an Aontais, chun ár mbeartais a chur i láthair, a mhíniú agus a chosaint agus chun dul i dteagmháil le comhpháirtithe ag an gcéim is luaithe, agus chun éisteacht le hábhair inniú agus freagairt dóibh, rud atá tábhachtach. Ba mhaith liom freisin tacaíocht níos spriocdhírthe a áirithiú dár gcomhpháirtithe nuair is gá, agus bearta tionlacain a bheith ag gabháil le rolladh amach beartais an Aontais chun cuidiú leo dul i dtaithe ar an reachtaíocht ábhartha agus tairbhe a bhaint aisti. Is cuid bhunúsach é sin d’oibriochtú phrionsabal an Chomhtháthaithe Beartas ar mhaithe le Forbairt Inbhuanaithe a chumhdaítear i gClár Oibre 2030 agus in SFI 17 a ghabhann leis maidir le comhpháirtíochtaí, agus d’oibriochtú an ghealltanais maidir le Comhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt faoi na Conarthaí (Airteagal 208 CFAE).

Ceist ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

9. Cuireadh de chúram ort ‘beartas eacnamaíoch eachtrach nua’ a mhúnlú, ag obair i gcomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Rathúnas agus Straitéis Thionsclaíoch. An bhféadfá do smaointe tosaigh maidir le hábhar an bheartais sin agus an amlíne atá beartaithe a leagan amach? Cén ról atá ag an trádáil agus ag an infheistíocht sa bheartas sin? Conas atá sé i gceist agat comhoibriú leis an gCoimisinéir atá i gceannas ar an trádáil agus ar an tslándáil eacnamaíoch ar cheapadh agus cur chun feidhme an bheartais eacnamaíoch eachtraigh nua sin, agus ar chaidreamh seachtrach an Aontais a mhúnlú ar bhonn níos ginearálta, agus cearta an duine agus luachanna bunúsacha á n-urramú ag an am céanna? I do ról mar Leas-Uachtarán, conas a áiritheoidh tú go ndéanfar an tionchar ar ár gcomhpháirtithe trádála a chur san áireamh ar bhealach níos córasaí

i gceapadh agus cur chun feidhme reachtaíocht an Aontais? Conas atá sé i gceist agat go nithiúil dul i dteagmháil le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad a bhfuil tionchar ag reachtaíocht an Aontais orthu, agus conas atá sé i gceist agat comhoibriú le Coimisinéirí eile ar an ábhar sin?

Cuireadh de chúram ort ‘beartas eacnamaíoch eachtrach nua’ a mhúnlú, ag obair i gcomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Rathúnas agus Straitéis Thionsclaíoch. An bhféadfá do smaointe tosaigh maidir le hábhar an bheartais sin agus an amlíne atá beartaithe a leagan amach? Cén ról atá ag an trádáil agus ag an infheistíocht sa bheartas sin?

I ndomhan ina bhfuil méadú ag teacht ar úsáid spleáchas mar uirlis troda, ní mór don Aontas an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir oscailteacht eacnamaíoch – rud atá fíor-riachtanach fós dár rathúnas – agus cosaint riachtanach – is é sin, seasamh níos teanntásaí a ghlacadh chun ár n-athléimneacht a fheabhsú, chun muid féin a chosaint ar iomaíocht éagórach, agus chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí. Má dheimhnítear m’ainmniúchán, beidh sé ina thosaíocht agam an ‘beartas eachtrach eacnamaíoch nua’ a mhúnlú i gcomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Rathúnas agus Straitéis Thionsclaíoch de réir mo litreach misin, agus go háirithe i gcomhar leis na Coimisinéirí atá i gceannas ar Thrádáil agus Slándáil Eacnamaíoch, Comhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta agus le Coimisinéirí ábhartha eile. Tá an gheopholaitíocht agus an gheo-eacnamaíocht fite fuaite ina chéile, agus ba cheart ár bhfreagairt a bheith amhlaidh.

A mhéid a bhaineann le smaointe tosaigh, tá cur chuige ginearálta na dTreoirí Polaitiúla bunaithe ar thrí cholún, agus an méid sin leagtha amach cheana féin ag an Uachtarán toghaí: slándáil eacnamaíoch, trádáil, agus infheistíocht i gcomhpháirtíochtaí. Ar bhonn an mhéid sin, má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Leas-Uachtarán, geallaim an beartas a fhorbairt a thuilleadh agus a chur chun feidhme, i gcomhar le Comhaltáí eile an Cholaíste, agus úsáid á baint as torthaí taighde ar an ábhar, mar shampla, Tuarascáil Draghi. Agus an méid sin á dhéanamh againn, creidim gur cheart dúinn dul i dteagmháil freisin le hinstitiúidí eile, ina measc Parlaimint na hEorpa, na Coistí ábhartha agus a bhFeisirí, agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta.

Oibreoidh mé i gcomhar leis an gCoimisinéir um an Trádáil agus Slándáil Eacnamaíoch ar shlándáil eacnamaíoch na hEorpa, chun tógáil ar chur chun feidhme Straitéis Slándála Eacnamaíche an Aontais 2023, agus thairis sin, chun prionsabal nua slándála eacnamaíche a fhorbairt. Creidim nach mór leanúint de mheasúnú riosca agus anailís ar bhagairtí a dhéanamh i gcomhar lenár mBallstát, agus nach mór an measúnú agus an anailís sin a bheith ina mbonn taca faoinár gcur chuige fós, agus a bheith ina mbunús le bearta maolaithe spriocdhírithé comhréireacha a fhorbairt amach anseo.

Is mian liom béim a leagan ar a thábhachtaí atá an ghné ‘comhpháirtíochta’ de chur chuige an Aontais i leith an bheartais slándála eacnamaíche. Ní mór don Aontas deiseanna a lorg chun comhpháirtíochtaí a dhéanamh a bheidh chun tairbhe don dá thaobh, go háirithe ar mhaithe le héagsúlú, agus iarmhairtí gan údar ár mbeartas ar ár gcaidreamh le tríú tíortha á seachaint san am céanna. I ndáil leis an méid sin, beidh ról lárnach ag an idirphlé maidir leis an tslandáil eacnamaíoch agus ag na hiarrachtaí taidhleoireachta, lena n-áirítear iarrachtaí Thoscaireachtaí an Aontais.

Maidir leis an dara colún – an trádáil – is gné bhunúsach é sin de na caidrimh lenár gcomhpháirtithe agus ba cheart é a bheith d’aidhm againn an chaibidlíocht leanúnach a thabhairt chun críche agus a bheith ag féachaint, san am céanna, ar an scóip agus ar an deis atá ann cinn nua a oscailt. Má dheimhnítear m’ainmniúchán, oibreoidh mé go dlúth leis an gCoimisinéir um an Trádáil agus Slándáil Eacnamaíoch chun na naisc saorthrádála córa le comhpháirtithe ar fud an domhain a dhoimhniú. Beidh na Comhpháirtíochtaí nua um Thrádáil agus Infheistíocht Ghlan ina ngné thábhachtach dár gcomhpháirtíochtaí cuimsitheacha. San am céanna, ba cheart dúinn a bheith réidh freisin chun ár n-ionstraimí cosanta trádála a shlógadh sna háiteanna ar gá agus i gcás inar gá, agus deimhin á dhéanamh againn de go bhfuil cothrom na Féinne ann agus go dtuigimid go hiomlán an tionchar a imríonn bearta a dhéanamh go hinmheánach ar ár gcomhpháirtithe, agus go bhfuilimid sásta tacú leo agus aghaidh a thabhairt ar a n-ábhair inní. Beidh sé ina thosaíocht fós an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) a athchóiriú agus a neartú.

Maidir leis an tríú colún – infheistíocht i gcomhpháirtíochtaí – is é an fhírinne lom gur gá don Aontas oibriú i gcomhar le comhpháirtithe chun formhór a chuspóirí mar Aontas a bhaint amach. An aidhm nach mór a bheith againn anseo ‘tairiscint’ chomhleanúnach chomhtháite a chruthú a rachaidh chun tairbhe don Aontas agus do thíortha comhpháirtíochta araon agus a chuirfidh ar a gcumas don dá thaobh comhpháirtíochtaí fadtéarmacha inbhuanaithe comhthairbheacha a chothú. Rud a bheidh fíor-riachtanach i dtaca leis an iarracht sin an Tairseach Dhomhanda a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad leibhéal eile, rud a dhéanfar trí shineirgí leis an trádáil agus leis

an maicreacnamaíocht a áirithiú agus a fheabhsú chun tacú le pacáiste comhtháite, agus an Tairseach Dhomhanda a dhaingniú a thuilleadh freisin inár ngníomhaíocht sheachtrach agus inár mbeartas eachtrach ar bhonn níos leithne.

Conas atá sé i gceist agat comhoibriú leis an gCoimisinéir atá i gceannas ar an trádáil agus ar an tslándáil eacnamaíoch ar cheapadh agus cur chun feidhme an bheartais eacnamaíoch eachtraigh nua sin, agus ar chaidreamh seachtrach an Aontais a mhúnlú ar bhonn níos ginearálta, agus cearta an duine agus luachanna bunúsacha á n-urramú ag an am céanna?

Ar an gcéad dul síos, is iad an urraim do chearta an duine agus do luachanna bunúsacha is ceart a bheith ina dtreoir i gcónaí ag beartais an Aontais. Mar shampla, tá an Tairseach Dhomhanda fréamhaithe in urraim don smacht reachta, do chearta an duine agus do noirm agus caighdeáin idirnáisiúnta, agus i gcur chun cinn na bprionsabal sin, agus nasctar forálacha maidir le cearta an duine le creat-chomhaontuithe polaitiúla trí bhíthin Chomhaontuithe Saorthrádála an Aontais. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, geallaim go ndéanfaidh mé cearta an duine a phríomhshruthú i ngach gné dár gcaidreamh seachtrach, lena n-áirítear an beartas eachtrach eacnamaíoch nua.

Ar an dara dul síos, cé nach mian liom réambhbreithiúnas a dhéanamh ar mhodhanna oibre an Choimisiúin, is léir dom ón méid thuas go mbeidh neart deiseanna ann chun plé a dhéanamh ar cheapadh agus ar chur chun feidhme an bheartais eachtraigh eacnamaíoch nua san fhoirmíocht sin, cuir i gcás. Agus litreacha misin gach ceann de na Coimisinéirí á gcur san áireamh againn, tá roinnt comhad sonracha ann freisin a measaim go mbeidh mé ag comhoibriú go dlúth ina leith leis an gCoimisinéir um an Trádáil agus Slándáil Eacnamaíoch, mar atá, feabhas a chur ar an gcomhpháirtíocht thrasatlantach leis na Stáit Aontaithe, an caidreamh casta leis an tSín a bhainistiú, an caidreamh leis an Ríocht Aontaithe a neartú, Clár Oibre Straitéiseach nua AE-an India a fhorbairt agus, ar bhonn níos leithne, ár gcomhpháirtíochtaí ar fud an domhain a bhainistiú agus a dhoimhniú.

I do ról mar Leas-Uachtarán, conas a áiritheoidh tú go ndéanfar an tionchar ar ár gcomhpháirtithe trádála a chur san áireamh ar bhealach níos córasaí i gceapadh agus cur chun feidhme reachtaíocht an Aontais? Conas atá sé i gceist agat go nithiúil dul i dteagmháil le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad a bhfuil tionchar ag reachtaíocht an Aontais orthu, agus conas atá sé i gceist agat comhoibriú le Coimisinéirí eile ar an ábhar sin?

De réir na dTreoirí Polaitiúla, ina leagtar béim shoiléir ar an ngá atá le cur chuige níos córasaí a bheith ann maidir le measúnú a dhéanamh ar thionchar dhlí an Aontais ar thíortha nach Ballstáit den Aontas iad, agus de réir ár litreacha misin araon, cuireadh de chúram orm féin agus ar an gCoimisinéir um an Trádáil agus Slándáil Eacnamaíoch oibriú i gcomhar le chéile chun a áirithiú go n-éistfidh an Eoraip le hábhair inniúla na gcomhpháirtithe a bhfuil tionchar ag na roghanna a dhéanaimid orthu, agus go bhfreagróidh sí do na hábhair inniúla sin.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, áiritheoidh mé go mbeidh an ghné sheachtrach dár mbeartais inmheánacha leabaithe go hiomlán i bpróiseas cinnteoireachta an Choláiste, ó cheapadh beartais go cur chun feidhme, maoiniú san áireamh. Go praiticiúil, is mar a leanas a fheicim é sin:

- measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag beartas *ex ante*;
- dul i mbun idirphlé le comhpháirtithe a luaithe is féidir sa phróiseas ceaptha beartas;
- nasc níos láidre a fhorbairt idir maoiniú gníomhaíochta seachtraí an Aontais agus tosaíochtaí beartais inmheánacha an Aontais, ón aeráid agus an fuinneamh go dtí cúrsaí digiteacha agus slándáil bia
- go réamhghníomhach – sa Bhruiséil agus ar an láthair trí Thoscaireacht ábhartha an Aontais – cumarsáid a dhéanamh maidir le deiseanna atá ag teacht chun cinn a bhféadfaí a chur i láthair do thríú tíortha i mbeartais an Aontais;
- an tacaíocht a spriocdhírú chun cabhrú le comhpháirtithe oiriúnú agus tionchar a mhaolú, agus an méid sin a dhéanamh freisin trí ghníomhaithe an Aontais a shlógadh de réir chur chuige Fhoireann na hEorpa, sna háiteanna inar gá agus i gcás inar gá.

Ceist ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

10. An leanfaidh tú de thosaíocht a thabhairt do chur chun cinn an chomhionannais inscne agus chumhachtú na mban i ngach tionscnamh gníomhaíochta seachtraí de chuid an Aontais? Cad iad na pleananna nithiúla atá agat chun obair leantach a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta maidir le Comhionannas Inscne agus Cumhachtú

na mBan sa Ghníomhaíocht Sheachtrach 2021–2025 (GAP III) agus an ngeallann tú GAP IV a ghlacadh, in éineacht leis na Coimisinéirí ábhartha? Cad iad na bearta a dhéanfaidh tú chun Clár Oibre na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSiócháin agus an tSlándáil a chur chun feidhme agus tús áite a thabhairt dó, go háirithe maidir le gné na hinscne a chomhtháthú agus rannpháirtíocht agus ceannaireacht na mban a áirithiú i ngach comhthéacs a bhaineann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil? Conas a rachaidh tú i ngleic le sárúithe ar chearta na mban i dtríú tíortha, go háirithe ciorrú ball giniúna ban agus sárúithe a eascraíonn as cleachtais dhíobhálacha eile, agus an leanfaidh tú de thacú le cosantóirí baineanna ar chearta an duine, le cosantóirí sláinte gnéis agus atáirgthe agus le cosantóirí chearta LADTIA+? Conas a chomhoibreoigh tú le Parlaimint na hEorpa agus conas a bheidh coiste FEMM rannpháirteach i ndáil leis sin?

An leanfaidh tú de thosaíocht a thabhairt do chur chun cinn an chomhionannais inscne agus chumhachtú na mban i ngach tionscnamh gníomhaíochta seachtraí de chuid an Aontais?

Leanfaidh. Ní ann do réitigh inbhuanaithe ar na dúshláin dhomhanda atá ann faoi láthair mura gcuirtear an comhionannas inscne san áireamh ón tús. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, is dearbhthosaíocht dom é an comhionannas inscne – agus an comhionannas ar bhonn níos leithne – a phríomhshruthú inár mbeartas eachtrach agus slándála, go háirithe toisc go bhfuil an comhionannas rithábachtach chun go n-éireoidh leis an mbeartas sin. Sa chleachtas, féachfaidh mé le comhghuaillíocht a chruthú i measc na gCoimisinéirí ábhartha a bhfuil an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban faoina sainchúraimí agus ar cheart iad a phríomhshruthú ina gcuid oibre.

Cad iad na pleananna nithiúla atá agat chun obair leantach a dhéanamh ar an bPlean Ghníomhaíochta maidir le Comhionannas Inscne agus Cumhachtú na mBan sa Ghníomhaíocht Sheachtrach 2021–2025 (GAP III) agus an ngeallann tú GAP IV a ghlacadh, in éineacht leis na Coimisinéirí ábhartha?

Ós rud é go mbeidh Plean Ghníomhaíochta Inscne III an Aontais (GAP III) i bhfeidhm go dtí 2027, is ar a chur chun feidhme nach mór díriú anois. Tá sé tar éis a chur ar gcumas dúinn cheana féin dlús a chur leis an dul chun cinn maidir le cearta na mban a bhrú chun tosaigh agus ar n-iarrachtaí i ndáil leis sin a ailíniú leis an gCreat Airgeadais Ibhliantúil atá ann cheana. An straitéis a bheidh ann tar éis 2027, is gá a áirithiú léi go mbeidh nasc níos láidre fós idir cearta agus cumhachtú na mban agus beartas eachtrach agus slándála an Aontais, agus an méid sin ailínithe leis an gcomhar idirnáisiúnta. Áiritheofar comhleanúnachas idir gníomhaíochtaí inmheánacha agus gníomhaíochtaí seachtracha an Aontais maidir leis an gcomhionannas inscne freisin tríd an straitéis um chomhionannas inscne a athnuachan in 2025.

Cad iad na bearta a dhéanfaidh tú chun Clár Oibre na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSiócháin agus an tSlándáil a chur chun feidhme agus tús áite a thabhairt dó, go háirithe maidir le gné na hinscne a chomhtháthú agus rannpháirtíocht agus ceannaireacht na mban a áirithiú i ngach comhthéacs a bhaineann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil?

Tá ábharthacht Chlár Oibre na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSiócháin agus an tSlándáil ag méadú de réir a chéile i gcomhthéacs na geopholaitíochta atá ann faoi láthair agus an mhéadaithe atá tagtha ar chogaí agus ar choinbhleacht. Rannpháirtíocht na mban in iarrachtaí chun coinbhleachtaí a réiteach agus chun an tsíocháin a chothú, is gné rithábachtach é sin i ndáil le síocháin inbhuanaithe a bhaint amach. Ní mór don Aontas seasamh soiléir daingean a ghlacadh ina leith sin chun tacú le cur chun feidhme an Chláir Oibre maidir le Mná, an tSiócháin agus an tSlándáil. Ar mo thaobhsa, oibreoigh mé le saineolaithe SEGS, lena n-áirítear Ambasadóir an Aontais um Inscne agus Éagsúlacht, chun rannpháirtíocht agus ceannaireacht na mban a fheabhsú i ngach comhthéacs agus i ngach plé a bhaineann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil. Oibreoigh mé freisin chun feabhas a chur ar ár gcomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha eile chun cuspóirí an Chláir Oibre maidir le Mná, an tSiócháin agus an tSlándáil mar atá sé faoi láthair a bhaint amach. Amach anseo, cuirfidh tús lenár bplé faoin dara plean gníomhaíochta i dtaca leis an gClár Oibre maidir le Mná, an tSiócháin agus an tSlándáil, clár a chuirfear in oiriúint do GAP III agus a chomhtháthófar ann. Déanfar é sin i gcomhthráth le cur chun feidhme an chláir oibre atá ann faoi láthair, agus i gcomhpháirtíocht le comhghuaillíochtaí stát agus páirtithe leasmhara de chuid na sochaí sibhialta, iad uile éagsúil ó thaobh geografíochta de.

Ar an gcaoi chéanna, áiritheoidh mé go dtacóidh an tAontas go láidir le cuir chuige atá dírithe ar íospartaigh agus ar mharthanóirí agus le sásraí ceartais idirthréimhsigh chun aghaidh a thabhairt ar fhoréigean gnéasach a bhaineann le coinbhleacht, agus déanfaidh mé an méid sin i ndlúthchomhar le hoifig Ionadaí Speisialta an Ardrúnaí maidir le Foréigean Gnéasach sa Choinbhleacht.

Conas a rachaidh tú i ngleic le sárúithe ar chearta na mban i dtríú tíortha, go háirithe ciorrú ball giniúna ban agus sárúithe a eascraíonn as cleachtais dhíobhálacha eile, agus an leanfaidh tú de thacú le cosantóirí baineanna ar chearta an duine, le cosantóirí sláinte gnéis agus atáirgthe agus le cosantóirí chearta LADTIA+? Conas a chomhoibreoidh tú le Parlaimint na hEorpa agus conas a bheidh coiste FEMM rannpháirteach i ndáil leis sin?

Cé go gceapaim gurb airde ná riamh an fheasacht dhomhanda ar a thábhachtaí atá sé sárúithe a chosc, tá fíorú chearta na mban creimthe go mór. Tá 40 % de mhná agus cailíní fós ina gcónaí i dtíortha ina bhfuil leibhéil arda nó leibhéil an-ard idirdhealaithe; i 46 tír ina bhfuil cónaí ar 16 % de dhaonra na mban ar domhan, ní mheastar gur coir é an foréigean teaghlaigh. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, iarrfaidh mé go diongbháilte ar an Aontas leas iomlán a bhaint as a bhosca uirlisí chun aghaidh a thabhairt ar shárúithe éagsúla, lena n-áirítear idirphlé spriocdhírítithe arna dhéanamh ag Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh um Chearta an Duine, Toscairí Speisialta agus Ambasadóir an Aontais Eorpaigh um Inscne agus Éagsúlacht.

Saincheist thábhachtach i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais fós is ea deireadh a chur le noirm agus cleachtais dhíobhálacha shonracha, ina measc ciorrú ball giniúna ban. Iarrfaidh mé go gcuirfear gealltanais idirnáisiúnta chun feidhme, an chuntasacht ina measc, agus féachfaidh mé le comhghuaillíochtaí láidre a fhorbairt i bhfóiraim iltaobhacha chun an sprioc sin a bhaint amach. Measaim go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le plé le Comhaltaí Choiste FEMM ina leith sin. Is dea-chleachtas ar leith í an obair bhliantúil i ndáil leis an gCoimisiún um Stádas na mBan, agus ba mhaith liom leanúint di.

Meastar fós gur ceannaire domhanda é an tAontas a mhéid a bhaineann le luachanna, cearta an duine agus forbairt inbhuanaithe. Cibé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá dáiríre, braitheann sé ar an gcaoi a seasaimid leis na luachanna sin sa chleachtas, agus cuid de sin is ea an chaoi a n-áirithimid go gcosnaítear Cosantóirí Chearta an Duine agus a n-obair thábhachtach idir lámha acu. Cosantóirí Chearta an Duine a chosaint, lena n-áirítear Cosantóirí Baineanna Chearta an Duine agus cosantóirí chearta LADTIA, beidh sé sin fós i gcoilár bheartas seachtrach an Aontais maidir le cearta an duine. Is iad na grúpaí sin is mó a thairbheoidh fós de chistí an Aontais. Díchoiriúlú uilíoch an chaidrimh chomhghnéis chomhthoiliúil, is sprioc fós é freisin d'obair an Aontais maidir le cearta an duine. Agus aird á tabhairt agam ar an iarraidh seo ón bParlaimint, déanfaidh mé measúnú freisin ar an gcaoi ar féidir linn uirlisí polaitiúla, taidhleoireachta, comhair agus trádála a úsáid chun an sprioc sin a bhrú chun cinn.

Is maith is eol dom dea-theist agus tacaíocht láidir Pharlaimint na hEorpa i dtaca leis an neamh-idirdhealú agus gach a mbaineann leis an gcomhionannas. Dá bhrí sin, táim den tuairim gur comhghuaillí thar a bheith tábhachtach thú i mo chuid oibre sa réimse seo, agus féachfaidh mé le bealaí a aimsiú inar féidir linn oibriú i gcomhar le chéile ar bhonn níos straitéisí.

Ceist ón bhFochoiste um Chearta an Duine

11. Cad iad na bearta nithiúla atá beartaithe agat a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh cur chun cinn chearta an duine, an daonlathais agus an smachta reachta ina chuspóir straitéiseach de ghníomhaíocht an Aontais ar an leibhéal idirnáisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, go háirithe maidir le cur chun feidhme/urramú na coinníollachta maidir le cearta an duine i gcomhaontuithe idirnáisiúnta, cúnamh airgeadais an Aontais, agus Córas Domhanda Smachtbhannaí an Aontais i ndáil le Cearta an Duine? An bhfuil tú tiomanta oibriú chun sláine toghcháin a chosaint trí threoirlínte an Aontais maidir le tacaíocht toghcháin agus breathnóireacht toghcháin fheabhsaithe a thabhairt cothrom le dáta? Cad a cheapann tú faoin gcomhpháirtíocht le Parlaimint na hEorpa sna réimsí sin?

Cad iad na bearta nithiúla atá beartaithe agat a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh cur chun cinn chearta an duine, an daonlathais agus an smachta reachta ina chuspóir straitéiseach de ghníomhaíocht an Aontais ar an leibhéal idirnáisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, go háirithe maidir le cur chun feidhme/urramú na coinníollachta maidir le cearta an duine i gcomhaontuithe idirnáisiúnta, cúnamh airgeadais an Aontais, agus Córas Domhanda Smachtbhannaí an Aontais i ndáil le Cearta an Duine?

De réir Airteagal 21 (CAE), tá gníomhaíocht sheachtrach an Aontais ar an ardán idirnáisiúnta bunaithe – agus le bheith bunaithe amach anseo – ar na prionsabail lenar spreagadh cruthú an Aontais féin, lena n-áirítear an daonlathas, an smacht reachta, uilechoitinne agus dodhealaitheacht chearta an duine agus na saoirsí bunúsacha, an meas ar dhínt an duine, prionsabail an chomhionannais agus na dlúthpháirtíochta, agus an meas ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar phrionsabail an dlí idirnáisiúnta. Is bunluachanna de chuid an Aontais iad sin, agus is léir ó na Treoirí Polaitiúla go mbeidh sé ar cheann de thosaíochtaí an Choimisiúin luachanna an Aontais a chur chun cinn sa bhaile agus thar lear araon. Is chun leas an Aontais an méid sin chomh maith: braitheann slándáil shaoránaigh an Aontais freisin ar a mhéid a sheastar leis an daonlathas agus le cearta an duine sa chuid eile den domhan. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, geallaim cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta a chur chun cinn, ní hamháin mar oibleagáid dhlíthiúil faoin gConradh, ach mar thosaíocht straitéiseach freisin. Déanfaidh mé an clár oibre sin a phríomhshruthú mar chuid de bheith ag oibriú i ndlúthchomhar leis na Coimisinéirí, leis an gComhairle agus leis na Ballstáit ábhartha, le hIonadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh um Chearta an Duine, agus le hIonadaithe Speisialta eile de chuid an Aontais chun éifeachtacht ghníomhaíocht an Aontais a mhéadú chun cearta an duine agus an daonlathas a chosaint agus a chur chun cinn. Féachfaidh mé freisin le hoibriú níos dlúithe le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le tríú tíortha agus leis an tsochaí shibhialta.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, áiríteoidh mé go dtabharfaimid aghaidh ar chearta an duine inár n-idirphlé le tríú tíortha. Leanfaimid d'oibriú i gcomhar le comhpháirtithe chun tacú leo agus chun iad a spreagadh le cloí lena n-oibleagáidí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus obair leantach a dhéanamh ar bhealach córasach. Is luachanna uilechoiteanna iad cearta an duine atá ina ndlúthchuid de dhínt gach duine. Cuirfidh mé de chúram ar mo sheirbhísí, sa Cheanncheathrú agus i dToscaireachtaí an Aontais araon, dul i dteagmháil le tríú tíortha agus na scéalta a bhréagnú ina maítear gur cumadóireacht de chuid an 'Iarthair' iad cearta an duine agus an daonlathas. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé freisin i gcomhar leis an gCoimisinéir um Ghnóthaí Inmheánacha agus Imirce agus le Coimisinéirí ábhartha eile maidir le gnéithe seachtracha na himirce. Féachfaidh mé go háirithe lena áirithiú, in aon chás inar cuid oibríochtúil dár gcomhpháirtíochtaí cuimsitheacha iad saincheisteanna imirce, go ndéanfar deimhin de go n-urramófar na cearta bunúsacha go hiomlán.

Aithním gur spéis le Parlaimint na hEorpa a áirithiú go mbeidh na clásail maidir le cearta an duine i gcomhaontuithe de chuid an Aontais éifeachtach agus oibríochtúil araon. Comhaontuithe Saorthrádála de chuid an Aontais a tugadh i gcrích le tríú tíortha ó bhí 2009 ann, tá siad nasctha leis na forálacha maidir le cearta an duine i ggreat-chomhaontuithe polaitiúla. Leis na clásail sin, leagtar síos ionchais shoiléire arna gcomhaontú go frithpháirteach agus soláthraítear cainéil institiúideacha le haghaidh idirphlé rialta maidir le cearta an duine, agus maidir le comhar le gníomhaithe de chuid na sochaí sibhialta i dtíortha comhpháirtíochta. Cé go ndéantar foráil maidir le comhaontuithe an Aontais a chur ar fionraí, lena n-áirítear na gnéithe trádála iontu, i gcásanna ina ndéantar sárú ar chláisail eilimintí sár-riachtanacha, meastar gur rogha dheiridh é sin. Is é an t-idirphlé an cur chuige is fearr i gcónaí a mhéid is féidir, rud a léirítear leis na díospóireachtaí le Ballstáit an Aontais. Mar chuid dár mbeartas trádála, le coinníollacht Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraipe (GSP), cuirtear dreasachtaí ar fáil freisin do thíortha i mbéal forbartha chun go n-urramóidh siad cearta an duine agus go gcosnóidh siad an comhshaol. Mar is eol duit, tháinig an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar chomhaontú maidir le leasú ar an Rialachán GSP atá ann cheana, chun síneadh a chur leis an scéim GSP le haghaidh na tréimhse 2024-2027 fad atá an chaibidlíocht chun an t-athbhreithniú a thabhairt chun críche fós idir lámha.

Beidh an Córas Domhanda Smachtbhannaí i ndáil le Cearta an Duine, a cruthaíodh in 2020, fós ina ghné thábhachtach dár mbosca uirlisí maidir le cearta an duine. Tá an córas curtha i bhfeidhm maidir le 117 nduine aonair agus 33 eintiteas ó bhí Deireadh Fómhair 2024 ann. Níor cheart breathnú ar smachtbhannaí ina n-aonar, ach mar chuid de chur chuige beartais níos leithne. Trí bhearta sriantacha a chur i bhfeidhm in aghaidh daoine aonair, eintiteas agus comhlachtaí, lena n-áirítear gníomhaithe stáit agus neamhstáit, atá rannpháirteach i sárúithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine nó a bhfuil baint acu leo, tugtar teachtaireacht láidir freisin d'aon pháirtí a d'fhéadfadh a bheith ina dhéantóir coire. Sa chiall sin, is feidhm choisctheach atá ag an ionstraim seo freisin. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, ní bheidh aon drogall orm liostuithe nua a mholadh i gcás ina bhfeicimid sárúithe agus mí-úsáidí ar chearta an duine á ndéanamh ag daoine aonair, eintitis nó comhlachtaí áit ar bith ar domhan.

Tá tábhacht le cúnaimh airgeadais ón Aontas ar mhaithe le cearta an duine agus an daonlathas, agus is den ríthábhacht é le haghaidh éifeachtacht ár gcuid oibre sa réimse sin. Tríd an gclár téamach um Chearta an Duine agus um an Daonlathas, tacaíonn an tAontas le cur chun feidhme a Phlean Gníomhaíochta maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas. San áireamh leis sin tá raon leathan tionscadal lena gcuirtear chun cinn, *inter alia*, rannpháirtíocht pholaitiúil agus shibhialta, na meáin neamhspleácha agus iolrachas na meán, an frith-éilliú, chomh

maith leis an tsaoirse ó phionós a chomhrac agus deireadh a chur leis an gcéasadh. Ina theannta sin, is minic a chuireann an tAontas tacaíocht phráinneach ar fáil do Chosantóirí Chearta an Duine i gcás ina bhfuil siad i mbaol. Déantar tacaíocht don daonlathas agus don dea-rialachas a phríomhshruthú freisin sa chomhar déthaobhach ós rud é gurb mó go mór na hacmhainní ansin. Ina theannta sin, cuireann an tionscnamh Tairseach Dhomhanda tacaíocht ar fáil do thionscadail bhonneagair agus áirithítear leis san am céanna go bhfuil na tíortha comhpháirtíochta ag cloí leis an smacht reachta agus go bhfuil ardchaighdeán á gcomhlíonadh acu maidir le cearta an duine, cearta sóisialta agus cearta oibríthe, go háirithe i gcás ina n-imríonn na tionscadail sin tionchar ar phobail áitiúla, mar shampla, i gcás na dtionscal eastóscach. Ní thiocfaidh aon athrú ar an méid sin.

An bhfuil tú tiomanta oibriú chun sláine toghcháin a chosaint trí threoirilínte an Aontais maidir le tacaíocht toghcháin agus breathnóireacht toghcháin fheabhsaithe a thabhairt cothrom le dáta?

Is ionstraim phraiticiúil agus éifeachtach beartais eachtraigh í breathnóireacht toghcháin an Aontais, atá fós i gcoilár bheartais agus straitéisí an Aontais maidir le tacaíocht don daonlathas. Is eiseamláir í den chomhar idirinstiúideach, ós rud é gur toradh í ar obair foirne den scoth idir Parlaimint na hEorpa, SEGS agus an Coimisiún. Is mian liom an deis seo a thapú chun a ndíograis a thréaslú leis na Feisirí Onóracha a bhí ina bPríomhbhreathnóirí nó ina bhFeisirí de Mhisin Bhreathnóireachta Toghchán de chuid Pharlaimint na hEorpa, mar is iad atá lárnach i rath Mhisin Bhreathnóireachta Toghchán an Aontais.

Tá an Teachtaireacht maidir le Cúnamh agus Breathnóireacht Toghcháin an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm ó bhí 2000 ann. Gan réamhbhreithiúnas a dhéanamh ar thoradh an phlé nó na gcinntí a dhéanfaidh an Coláiste amach anseo, smaoinoidh mé ar phlé a dhéanamh ar an deis Teachtaireacht nua a thabhairt isteach le linn an tsainordaithe atá le teacht. D'fhéadfadh sé sin a chur ar ár gcumas dúinn an tábhacht a bhaineann le breathnóireacht toghcháin mar ionstraim a athdhearbhú, ceangal an Aontais le cúnamh toghcháin a dheimhniú mar phríomhionstraim chun an daonlathas a chur chun cinn, agus measúnú a dhéanamh ar aon choigeartú a bhféadfadh gá a bheith leis chun na dúshláin atá roimh phrósís toghcháin faoi láthair a chur san áireamh ar bhealach níos fearr. Idir an dá linn, tá an lámhleabhar maidir le Breathnóireacht Toghcháin an Aontais tugtha cothrom le dáta go rialta le blianta beaga anuas. Ba cheart an ceathrú heagrán a bheith réidh lena fhoilsiú le linn 2025.

Cad a cheapann tú faoin gcomhpháirtíocht le Parlaimint na hEorpa sna réimsí sin?

Is comhpháirtí fíor-riachtanach í Parlaimint na hEorpa maidir le cearta an duine agus an daonlathas a chur chun cinn ar fud an domhain trí ghníomhaíochtaí nithiúla, lena n-áirítear díospóireachtaí práinne, an tuarascáil bhliantúil ar chearta an duine agus ar an daonlathas, misin breathnóireachta toghchán, cuairteanna ar thíortha, duais Sakharov agus gníomhaíochtaí polaitiúla eile.

Cé go bhfuil comhpháirtíocht láidir againn, is féidir linn agus ba cheart dúinn í a neartú. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá sé ar intinn agam dul i dteagmháil go rialta leis an bParlaimint. Geallaim freisin go bhfaighidh an Pharlaimint faisnéis – ó bhéal nó i scríbhinn – maidir lenár n-idirphlé polaitiúil agus lenár n-idirphlé maidir le cearta an duine, agus maidir le cruinnithe tábhachtacha eile.

Tá síneadh go dtí 2027 curtha le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas, an plean lena soláthraítear an treo-chlár le haghaidh chearta an duine i mbeartas eachtrach an Aontais. Táim ag tnúth le tuairimí Pharlaimint na hEorpa maidir lena chur chun feidhme ach freisin maidir leis na tosaíochtaí don chéad phlean eile.

Ceist ón bhFochoiste um Shlándaíl agus Cosaint

12. Seoladh an Compás Straitéiseach go gairid tar éis chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine agus le linn tréimhse ina raibh an tslándaíl ag dul in olcas i gComharsanacht an Aontais agus níos faide i gcéin. An measann tú gur gá athbhreithniú ar an gCompás Straitéiseach a sheoladh, lena n-áirítear anailís ar bhagairtí agus mapáil amach leochaileachtaí agus easnamh a mhéid a bhaineann le hinniúlachtaí agus acmhainní na mBallstát? Áirítear sna Litreacha Misin gealltanais go n-ullmhófaí féin agus an Coimisinéir um Chosaint agus Spás Páipéar Bán maidir le Todhchaí na Cosanta Eorpaí. Cén nasc, más ann dó, ba cheart a bheith aige sin leis na creataí a chuirtear ar fáil leis an gCompás Straitéiseach agus le Coincheap Straitéiseach ECAT? Conas a thabharfaidh tú ról do Pharlaimint na hEorpa sa mhachnamh straitéiseach agus sna tionscnaimh bheartais sin go léir, chun dearcadh na Parlaiminte a chur san áireamh agus chun maoirseacht dhaonlathach ar thionscnaimh agus ar chinntí a bhaineann le cosaint na hEorpa a fheabhsú?

Seoladh an Compás Straitéiseach go gairid tar éis chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine agus le linn tréimhse ina raibh an slándáil ag dul in olcas i gComharsanacht an Aontais agus níos faide i gcéin. An measann tú gur gá athbhreithniú ar an gCompás Straitéiseach a sheoladh, lena n-áirítear anailís ar bhagairtí agus mapáil amach leochaileachtaí agus easnamh a mhéid a bhaineann le hinniúlachtaí agus acmhainní na mBallstát?

Tá iarrachtaí an Aontais chun an beartas slándála agus cosanta a neartú á dtreorú ag an gCompás Straitéiseach ó bhí 2022 ann. Tá a chuspóirí bainte amach go fóinteach ag an Aontas. Tá braistint phráinne ann mar gheall ar ionradh neamhdhleathach gan chúis na Rúise ar an Úcráin agus mar gheall ar thimpeallacht bhagartha atá ag dul in olcas go tapa. Tá an méid sin feicthe agam féin, ós rud é gur iarPhríomh-Aire agus comhalta den Chomhairle Eorpach mé. Tá tuiscint chomhchoiteann ann ar leibhéal na hEorpa gur gá don Aontas níos mó a dhéanamh, agus é a dhéanamh níos fearr agus níos tapúla, ar mhaithe lenár slándáil agus cosaint féin agus na slándála agus cosanta domhanda.

Tá an toil pholaitiúil sin tiontaíthe ina gníomhaíocht cheana féin agus is láidir an dea-theist atá ar an gCompás Straitéiseach i ndáil le cur chun feidhme:

- Chuir an tAontas agus a Bhallstáit tacaíocht mhíleata ar fáil don Úcráin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo;
- Seoladh misin agus oibríochtaí nua sibhialtacha agus míleata san Úcráin, i bPoblacht na Moldóive, agus sa Mhuir Rua.
- Rinneadh comhpháirtíochtaí an Aontais le ECAT agus le comhpháirtithe straitéiseacha a threisiú go mór;
- Forbraíodh straitéisí agus uirlisí nua chun aghaidh a thabhairt ar bhealach níos fearr ar dhúshlán slándála agus cosanta sna réimsí muirí, spáis agus cibearshlándála;
- Neartaíodh uirlisí an Aontais chun bagairtí hibrideacha, cibirionsaithe agus ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis a chomhrac;
- Eagraíodh an chéad Fhreachnamh Míleata Beo de chuid an Aontais;
- Ina theannta sin, forbraíodh roinnt príomhthionscnamh nua chun Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí a neartú.

Cé go bhfuil go leor de na gníomhaíochtaí curtha i bhfeidhm, tá go leor fós le déanamh. Ní leor an méid atá déanta againn ná an méid atá curtha i bhfeidhm againn. Ní mór dúinn gach ar féidir linn a dhéanamh chun cabhrú leis an Úcráin an bua a bhreith léi sa chogadh in aghaidh na Rúise. Is gá dúinn a áirithiú go n-éireoidh lenár straitéisí agus lenár mboscaí uirlisí i dtéarmaí nithiúla. Ní mór dúinn feabhas a chur ar ár n-ullmhacht cosanta, agus na Ballstáit a dhreasú le cumais mhíleata a phleanáil, a fhorbairt, a sholáthar agus a oibriú go comhpháirteach, agus tionscal cosanta a fhorbairt a bheidh in ann beart a dhéanamh. Is gá dúinn aghaidh a thabhairt ar bhearnaí criticiúla ó thaobh cumais de agus roghanna a shainaithint chun iad a chistiú.

Ní mór don Eoraip na hacmhainní a chur ar fáil di féin chun í féin a chosaint agus chun naimhde a d'fhéadfadh a bheith ann a chur ó dhoras. Creidim go bhfuil gá práinneach le hAnailís nua ar Bhagairtí a chuirfidh ar ár gcumas dúinn an timpeallacht bhagartha atá de shíor ag athrú a thuiscint agus freagairt di. Má dheimhnítear m'ainmníúchán, ar bhonn an mheasúnaithe nua seo ar na dúshláin atá le sárú ag an Aontas, agus ar bhonn staid chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí faoin gCompás Straitéiseach, táim réidh le machnamh a dhéanamh, i gcomhar leis an gComhairle agus na Ballstáit, ar bhealaí nithiúla nua chun ár leibhéal uaillmhéine a neartú i réimse na slándála agus na cosanta, agus i ndáil leis an bPáipéar Bán ar thodhchaí na Cosanta Eorpaí agus ar Straitéis um Aontas na hUllmhachta amach anseo.

Áirítear sna Litreacha Misin gealltanais go n-ullmhófaí féin agus an Coimisinéir um Chosaint agus Spás Páipéar Bán maidir le Todhchaí na Cosanta Eorpaí. Cén nasc, más ann dó, ba cheart a bheith aige sin leis na creataí a chuirtear ar fáil leis an gCompás Straitéiseach agus le Coincheap Straitéiseach ECAT?

Is ionstraim fhíor-riachtanach é an Compás Straitéiseach, ionstraim a caibidlíodh agus a comhaontaíodh leis na Ballstáit, agus leanfaidh sé dár n-iarrachtaí a threorú chun beartas slándála agus cosanta an Aontais a neartú. Mar

sin féin, ós rud é go bhfuil tús curtha againn le céim nua ó thaobh dúshlán agus tionscnamh de, ní mór dúinn céimeanna níos misniúla a ghlacadh go práinneach chun cosaint na hEorpa a fheabhsú agus chun teacht chun cinn fíor-Aontais cosanta Eorpaigh a chumasú. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, is é sin go díreach atá beartaithe agam a mholadh, in éineacht leis an gCoimisinéir um an gCosaint agus um an Spás, sa Pháipéar Bán, agus i mo cháil mar Cheann na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint freisin.

Cuirfidh an Páipéar Bán, i measc nithe eile, leis an gCompás Straitéiseach agus leis an Straitéis um Thionscal Cosanta na hEorpa, ach ba cheart go leagfaí amach ann freisin an uailmhian pholaitiúil chun ullmhacht cosanta an Aontais a mhéadú, chomh maith le hullmhacht na mBallstát, agus chun fíor-Aontas Eorpach um Chosaint a fhorbairt. I gcomhar leis an gCoimisinéir um an gCosaint agus um an Spás, cuirfimid an cur chuige nua seo i leith na cosanta i dtoll a chéile trí riachtanais infheistíochta, bearnaí criticiúla cumais agus roghanna cistiúcháin a shainaithint. Ní mór dúinn tacaíocht níos fearr a thabhairt do na Ballstáit cumais chosanta speictrim iomláin a fhorbairt, a sholáthar agus a choinneáil ar bun go comhpháirteach dá bhfórsaí armtha, agus iad a ullmhú le haghaidh na dteagmhas míleata is tromchúisí. Is gá dúinn freisin feabhas a chur ar an nasc idir beartas tionsclaíoch cosanta ar leibhéal an Aontais agus tosaíochtaí náisiúnta maidir le soláthar agus forbairt cumais agus idir-inoibritheacht agus comhleanúnachas le ECAT a áirithiú i gcónaí. Ba cheart dúinn aghaidh a thabhairt ar an gcaoi ar féidir leis an Aontas tacú leis na Ballstáit a ngealltanais a chomhlíonadh, lena n-áirítear a ngealltanais i gcomhthéacs ECAT, mar shampla, chun cuidiú leis na bearnaí cumais a líonadh. Ba cheart treoirlínte agus cuspóirí soiléire a chur ar fáil sa Pháipéar Bán chun na spriocanna sin a bhaint amach.

Tá an Compás Straitéiseach agus an Straitéis um Thionscal Cosanta na hEorpa go hiomlán comhleanúnach cheana féin le Coincheap Straitéiseach ECAT, agus leanfaimid den chur chuige céanna i ndáil leis an bPáipéar Bán. Aontas níos láidre, ciallaíonn sé sin ECAT níos láidre. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh sé ina thosaíocht agam tuilleadh feabhais a chur ar chomhpháirtíocht straitéiseach an Aontais le ECAT – agus prionsabail na cuimsitheachta, na cómhálartachta agus neamhspleáchas cinnteoireachta an Aontais á n-urramú go hiomlán, ós rud é gur prionsabail iad atá rithábachtach dár slándáil fhoriomlán.

Conas a thabharfaidh tú ról do Pharlaimint na hEorpa sa mhachnamh straitéiseach agus sna tionscnaimh bheartais sin go léir, chun dearcadh na Parlaiminte a chur san áireamh agus chun maoirseacht dhaonlathach ar thionscnaimh agus ar chinní a bhaineann le cosaint na hEorpa a fheabhsú?

Is mór agam rannpháirtíocht leanúnach Parlaimint na hEorpa agus a tacaíocht láidir dár n-iarrachtaí chun ról an Aontais mar ghníomhaí slándála agus cosanta a neartú. Is den rithábacht í tacaíocht Parlaimint na hEorpa chun défheidhmeanna an Ardionadaí / Leas-Uachtaráin a fheidhmiú go hiomlán agus go rathúil. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, saothróidh mé malartú faisnéise gníomhach trédhearcach, tabharfaidh mé rannpháirt don Pharlaimint ón tús ar fad agus áiritheoidh mé go n-éistfear lena seasaimh i ndáil leis na hábhar uile atá ábhartha don Choiste um Ghnóthaí Eachtracha, lena n-áirítear a Fhochoiste um Shlándáil agus Cosaint agus an Fochóiste um Chearta an Duine. San áireamh leis sin beidh nuashonruithe rialta san fhormáid iomchuí.